Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2015

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Léann Clasaiceach

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, ar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain.

Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í. Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**Réamhrá**

Is fadréimseach agus is ilchineálach é an cúrsa Ardteistiméireachta sa Léann Clasaiceach. Déantar staidéar sa chúrsa ar an stair, ar an staireolaíocht, ar an bhfealsúnacht, ar an litríocht i seánraí éagsúla (lena n-áirítear drámaíocht, filíocht eipiciúil agus filíocht liriciúil), mar aon le healaín agus an ailtireacht. Léiríonn na ceisteanna ar an scrúdpháipéar an éagsúlacht seo i dtaca le cineálacha cur chuige agus scileanna. Dá bhrí sin, cuirtear an scéim mharcála in oiriúint don idirdhealú seo idir na topaicí aonair agus na ceisteanna. Maidir le ceisteanna dioscúrsacha, bíonn scrúdaitheoirí sa tóir ar phointí atá forbartha i bhfreagraí na n-iarrthóirí. Ní mór do na pointí seo a bheith indibhidiúil agus substaintiúil.

Go ginearálta, seo a leanas is brí le pointe substaintiúil a ndéantar forbairt mhaith air:

- tugtar aird chuí ar na focail ordaithe sa cheist, e.g. déan trácht ar, déan cur síos ar, déan anailís ar, déan plé ar, déan measúnú ar, tabhair tuairim, etc.
- tugtar aghaidh ar an gceist go díreach
- bunaítear nasc soiléir idir an cheist a chuirtear agus an t-ábhar dualgais
- léirítear an argóint nó an fhaisnéis go soiléir
- comhlíontar an méid thuas de réir fad sásúil. Braitheann an fad seo ar chomhthéacs na ceiste ach bheadh alt sách mór i gceist go hiondúil.

Is tábhachtach a thabhairt faoi deara i gcás an Ardleibhéil, nuair a bhíonn anailís, measúnú, trácht nó plé ag teastáil i gceisteanna, nach mór d'iarrthóirí aghaidh a thabhairt ar an ngné sin den cheist agus nach leor cuntas a thabhairt ar an scéal amháin. Bronnfar marcanna éigin as eolas a thaispeáint nach n-úsáidtear chun an cheist a fhreagairt go díreach,
ach ní bhronnfar marcanna arda as.

Faoi mar a luaitear thuas, teastaíonn éagsúlacht sa chineál ceiste a chuirtear agus sa scéim mharcála mar gheall ar an éagsúlacht
atá ina dlúthchuid den siollabas. Is follasach an méid seo, go háirithe sna ceisteanna faoi 'Ealaín agus Ailtireacht' (Topaic 8 agus 10), áit a bhféadfadh gur leor focal amháin nó pointe gearr corruair chun marcanna iomlána a fháil. Sna topaicí seo, táthar ag súil le téarmaí teicniúla cearta chun marcanna iomlána nó marcanna arda a fháil.

Leagtar leithdháileadh na marcanna as gach ceist agus focheist amach sa scéim mharcála thíos.

Tá na critéir maidir le ceisteanna dioscúrsacha a mheas áit a bhfuil tríocha marc, nó níos mó, á dtabhairt as freagra iomlánaíoch le feiceáil in Aguisín 1.

Beidh intinn oscailte ag na scrúdaitheoirí le linn dóibh obair na n-iarrthóirí a mharcáil agus tuiscint acu ar an gcás go bhféadfadh iarrthóir ábhar, argóint nó tuairimí a thabhairt nach bhfuil sa scéim mharcála ach atá chomh bailí céanna mar sin féin. Agus breithniú á dhéanamh ar an scéim mharcála seo, ba cheart aird a bheith ar an méid a leanas: Braitheann na sonraí a theastaíonn in aon cheist ar an gcomhthéacs agus ar an mbealach a gcuirtear an cheist agus ar an líon marcanna a sannadh don fhreagra sa scrúdpháipéar. Ar an ábhar sin, d'fhéadfadh riachtanais agus leithdháileadh marcanna athrú ó bhliain go bliain.

Bainfidh na scrúdaitheoirí úsáid as raon iomlán na marcanna atá ar fáil le haghaidh gach ceiste nó focheiste.

## Topaic 1. An Aithin i mbun Cogaíochta

(i) (a) Deir Archidamus go bhfuil cleachtadh aige ar chogaí fada agus nach bhfuil sé ag iarraidh cogadh eile. Deir sé gur cogadh mór a bheidh sa cheann seo agus luann sé saibhreas agus daonra mór na hAithne. Déanann sé tagairt dá bhfórsaí cabhlaigh den scoth agus a gcuid comhghuaillithe go léir ónar féidir leo a gcuid riachtanais go léir a allmhairiú. Dar leis nach bhfuil siad (na Spartacha) ullamh i ndáiríre. Tógann sé am cabhlach a thógáil. Tógfaidh sé cabhlach chun áitiú ar chomhghuaillithe na hAithne éirí amach i gcoinne na hAithne. Tá faitíos air go mbeidh cogadh fada, tubaisteach ann agus nach mbeidh Sparta in ann fiú síocháin onórach a dhéanamh ag deireadh an chogaidh sin. Tá faitíos air go bhfágfar an cogadh mar oidhreacht ag a gclann mar ní cogadh gearr a bheidh ann. Measann sé gur botún a bheadh ann muintir na hAithne a chur i mbarr a gcéile ar fad toisc gur deacra a bheidh sé iad a chloí an uair sin. Is ceist airgid é an cogadh agus ní cúis náire ar bith é a bheith mall agus airdeallach. Is féidir gur rud críonna agus ciallmhar é a bheith mall agus airdeallach. Ná déanaimis beag is fiú dár naimhde. Tá Archidamus ag iarraidh an cogadh a chur siar agus gníomh taidhleoireachta a chur ar bun ina ionad agus níl sé ag iarraidh Sparta a dheifriú isteach in aon rud go tobann. Idir an dá linn mhol sé do na Spartaigh a gcuid acmhainní a fhorbairt agus ullmhú i gcomhair cogaíochta.

**Plé, 14; Forbairt, 14; Meastóireacht ghinearálta, 7. (35 marc)**

(b) Dhiúltaigh Sthenelaidas, an t-eifear, do chomhairle an Rí agus ghríosaigh sé é chun gníomh a ghlacadh láithreach bonn. Deir sé go raibh an Aithin ionsaitheach agus gur cheart do Sparta seasamh lena cuid comhghuaillithe. D'impigh sé orthu mórtas a bheith acu astu féin agus thug sé rabhadh faoi chomh láidir is a bhí an Aithin ag fáil. Deir sé gurb amhlaidh, nuair a dhéantar ionsaí ar leasanna ár gcomhghuaillithe, nach fiú a bheith ag caint, gur gníomh a theastaíonn. Is iad na príomh-argóintí atá aige ná an dílseacht do na comhghuaillithe agus onóir Sparta. Nuair a d'iarr sé vóta thacaigh an móramh leis. Thacaigh na comhghuaillithe freisin lena rún chun cogaidh.

**Dhá chúis. (8,7) (15 mharc)**

(ii) (a) Bhí Nicias i gcoinne na sluaíochta chun na Sicile ón tús ar fad, labhair sé ina coinne sa Tionól. I rith na sluaíochta, d'éirigh sé tinn agus d'iarr sé go n-athghairfí é. Bhí sé éiginnte agus d'athraigh sé a intinn an t-am ar fad. Níor chríochnaigh sé an balla ag Epipolae rud a thug deis do na Spartaigh a gcuid cosaintí a thabhairt isteach. Bhí deis aige dul ar a theitheadh ar muir, ach níor thóg sé an deis ar fhaitíos go scriosfadh sé a cháil agus níos déanaí nuair a bhí deis ann cúlú ar muir, bhí sé ró-phiseogach é a dhéanamh mar gheall go raibh urú ar an ngealach. Ní raibh aon mhuinín ag a chuid fear féin ann agus níor chuidigh an stíl cheannaireachta a bhí aige lena misneach a ghríosú. Theastaigh dearcadh dána, diongbháilte sa tsluaíocht agus bhí seisean aireach agus ar crith.

**Plé, 12; Forbairt, 12; Meastóireacht ghinearálta, 6. (30 marc)**

(b) Chuidigh Gylippus le treascairt na hAithne sa tSicil mar gheall ar a cheannaireacht, a bhí diongbháilte agus inspioráideach. Nuair a tháinig sé go dtí an tSicil, ba bhuntáiste mór dó nach raibh an balla ag Epipolae críochnaithe agus thug sé a thrúpaí isteach láithreach bonn. Thuig sé go gcaithfí muintir na hAithne a ionsaí ó mhuir agus ó thalamh agus mhúscail sé muinín mhór ina chuid fear a raibh ardmheas acu air. I gcomparáid le Nicias bhí sé láidir, diongbháilte agus inspioráideach dá chuid fear.

**Dhá phointe fhorbartha (10, 10) (20 marc)**

(iii) (a) Ghéill an chathair ar dtús do Bhrasadas agus do na Spartaigh. Bhí sluaíocht curtha ag muintir na hAithne níos déanaí faoi Chléón le 300 marcra agus 1,200 hoiplíteach mar aon le roinnt trúpaí de chuid na gcomhghuaillithe, chun an chathair a fháil ar ais. Ar dtús ghabh na hAithnigh Torone agus ansin bhog siad go hAmfapoil, iad ag campáil ag Eion agus ag cur fios ar bhaill athneartacha. Ghlac Brasadas ionad ar thalamh ard ag Cerdylium agus d'fhan sé go mbogfadh Cléón ar dtús. Ní raibh aon mhuinín ag trúpaí Chléón as i ndáiríre agus d'éirigh siad mífhoighneach, mar sin bhog sé gar d'Amfapoil iad. Thuig Brasadas go raibh a arm féin sách mór, ach nach raibh siad sách maith, mar sin thug sé na sála air féin amach sna geataí agus rinne sé ionsaí le 150 hoiplíteach.

Mhínigh sé dá arm nach raibh an namhaid réidh agus go mbainfí stang astu, go speisialta mar gheall ar an dara hionsaí trúpaí. Díreach nuair a bhí na hAithnigh ag imeacht ar shiúl go mall, gan iad ullamh in aon chor, d'ionsaigh Brasadas a sciathán ar dheis gan chumhdach agus thug sé an t-arm chuig an lár. Stiúir Clearidas an dara hionsaí agus d'imigh na hAithnigh chun scaoill, toisc nach raibh siad réidh le dhul chun cogaíochta. Maraíodh Cléón agus é ar a theitheadh agus cailleadh 600 hoiplíteach as an Aithin le linn dóibh a bheith ag troid go cróga. Ní raibh ag an namhaid ach seachtar taismeach. Mar sin féin, bhásaigh Brasadas de bharr a ghortaithe, agus níor mhair sé ach sách fada le cloisteáil gur aige a bhí an lá.

**Cuntas comhleanúnach ar chúrsa an chatha. (12,12,11) (35 marc)**

(b) Rinne an dá thaobh machnamh ansin ar conas a dhéanfaidís síocháin. Bhí buille mór faighte ag na hAithnigh agus bhí a muinín caillte acu. Bhí siad réidh anois chun téarmaí a ghlacadh nach nglacfaidís riamh cheana. Bhí faitíos orthu go dtabharfadh a gcuid comhghuaillithe cúl dóibh agus bhí fonn mór orthu téarmaí a chomhaontú. Cé go raibh an bua ag na Spartaigh ag Amfapoil, bhí Brasadas caillte acu agus bhí fonn orthu freisin síocháin a dhéanamh. D'fhéadfaí tionchar eile buan a áireamh anseo.

**Dhá phointe (8, 7) (15 mharc.)**

(iv) (a) Faoin tráth sin, bhí comhaontú idir na Spartaigh agus rí na bPeirseach cur i gcoinne na hAithne. Bhí Alcaibiaidéas ag iarraidh bealach a aimsiú ionas go nglaofaí ar ais chun na hAithne é agus mheas sé gur cairdeas le Tissaphernes an bealach ab fhearr lena dhéanamh. Chuir sé teachtaireacht chun na hAithne, á rá gurb amhlaidh, má bhí siad ag iarraidh bheith faoi riail ag olagarcacht in ionad daonlathais, go raibh sé in ann cabhrú chun Tissaphernes a fháil ar a dtaobh toisc nach n-oibreodh rí na bPeirseach leis an Aithin dá mbeadh sí daonlathach. Chonaic teaghlaigh mhóra na hAithne é seo anois mar dheis chun cumhacht a ghabháil. Shocraigh ceannairí chabhlach na hAithne ag Samas go ndéanfaidís iarracht an cor sin a spreagadh agus an rialtas daonlathach a threascairt. Dúradh leis na trúpaí go n-íocfadh rí na bPeirseach iad a rinne impí orthu. Dúirt Phrynicus gur drochsmaoineamh a bhí ansin agus nach raibh ann ach seift ionas go mbeadh Alcaibiaidéas in ann cumhacht a ghabháil. Dúirt sé gur choinnigh an daonlathas na daoine saibhre ina n-áit féin agus go bhfágfadh olagarcacht go bhféadfaí gnáth-shaoránaigh a chur chun báis d'uireasa triail cheart. Rinne Phrynicus iarracht na Spartaigh a chur ar a n-aire faoi cad a bhí ag tarlú chun cabhair a fháil uathu. Ach sceitheadh é d'Alcaibiaidéas a cháin é toisc é a bheith i gcomhcheilg le Sparta.

Tháinig ionadaithe go dtí an Aithin ó Shamas ansin, chun áitiú ar dhaoine glacadh ar ais le hAlcaibiaidéas agus glacadh le rialú trí olagarcacht. Bhí clampar ann ach dúirt Pisander nach ndéanfaí maitheas ar bith mura n-éireodh leo Tissaphernes agus an rí mór a fháil ar a dtaobh. Dúirt sé freisin go mbeadh sé éasca an bunreacht a athrú ina dhiaidh sin. Bhí na daoine sásta. Ritheadh dlí inar luadh go bhféadfadh 5,000 duine ar a mhéad a bheith sa rialtas, ach bheadh i bhfad níos lú ná sin ann i ndáiríre. Feallmharaíodh roinnt céilí comhraic de chuid Alcaibiaidéis, agus bhí daoine go ginearálta trína chéile sa chathair. Bhí amhras ar gach duine faoin duine eile agus bhí faitíos orthu labhairt amach. Ceapadh coiste ar a raibh deichniúr chun moltaí a dhréachtú. Bheadh meitheal oibre 400 fear ar an gComhairle. Ba ag Antiphon, polaiteoir cúlseomra an-chliste, a bhí an smaoineamh sin. Bhí sé thar cionn, ach ní raibh aon iontaoibh ag na daoine as. Dá bharr sin chuir líon beag fear deireadh leis an daonlathas 100 bliain a bhí sa chathair. Is amhlaidh gur thóg 400 fear a raibh sceana acu seomra na comhairle ar láimh, in éineacht le criú bithiúnach a chuir an chomhairle roghnaithe abhaile le pá. Cuireadh chun báis roinnt acu, agus cuireadh roinnt eile ar deoraíocht.

**Cuntas comhleanúnach ar na himeachtaí. (12,12,11) (35 marc)**

(b) Theip ar an Olagarcacht mar gheall ar laigí inmheánacha agus laigí seachtracha. Ón tús ar fad, níor thaitin an 400 fear leis na trúpaí ag Samas. Mar sin níor thacaigh an t-arm leis an Olagarcacht agus dúirt nár theastaigh tacaíocht na hAithne uathu toisc go raibh smacht acu ar an bhfarraige. Thogh siad Alcaibiaidéas anois mar ghinearál agus d'áitigh sé orthu gan ionsaí a dhéanamh ar an Aithin. Bhí an 400 scoilte anois. Bhí fearg ar roinnt díobh nach raibh an 5,000 ann ach amháin in ainm. Bhí faitíos orthu go léir go bhfillfeadh Alcaibiaidéas. Rinneadh ionsaí ar Euboeia, tharla réabhlóid ann dá bharr agus bhí anbhá ceart san Aithin. Ní raibh aon chabhlach ag an bPioraes anois chun é a chosaint.

Theip ar iarrachtaí síochána. Idir an dá linn chuaigh an céilí comhraic chun treise. Rinne an Tionól athrí ar an gComhairle 400 fear agus glaodh ar ais ar Alcaibiaidéas. Tugadh cumhacht don 5,000. Chuaigh go leor de cheannairí na holagarcachta ar a dteitheadh, bailíodh daoine eile le chéile, cuireadh ar a dtriail iad agus cuireadh chun báis iad. Is iad na príomhthosca anseo ná a laghad tacaíochta a thug an cabhlach ag Samas, an méid amhrais agus fill a bhí taobh istigh den chathair, mar a theip ar an 400 féar gníomhú go cinnte mar mheitheal amháin agus an t-éirí amach agus an treascairt ag Euboea a bheith ina gcúis anbhá.

**Dhá chúis. (8, 7)** **(15 mharc)**

## Topaic 2. Alastar Mór.

(i) Bheifí ag súil go dtabharfadh an t-iarrthóir faisnéis faoin triúr ar fad atá luaite sa cheist, ach ní gá go dtabharfaidís an méid céanna faisnéise maidir le gach duine acu. I gcás Philib, d'fhéadfaí fíricí ábhartha a bheith i gceist: an t-athchóiriú a rinne sé ar an arm ar lean Alastar dó a bheag nó a mhór; cheap sé Arastatal mar theagascóir nuair a fuair sé amach gur dheacair Alastar a chur faoi smacht; an gearán a rinne Alastar lena chairde nach bhfágfadh a athair aon rud aige le cloí; gur cheap Pilib é mar leasrí agus mar cheannasaí ar Mharcshlua na gCompánach ag Cath Chaeronea; is féidir a lua gur roghnaigh Alastar sluaíocht a thabhairt go dtí an t-oirthear díreach mar a bhí beartaithe ag Pilib a dhéanamh, faoi stiúir an ghinearáil ab fhearr le Pilib, Pairméinión; rud ábhartha anseo freisin ná an t-aitheasc a thug Alastar dá chuid fear níos déanaí nuair a liostálann sé na rudaí iontacha go léir a rinne Pilib dóibh. Is féidir an chaoi a bhféadfadh Alastar Pilib a shéanadh nuair a deir sé níos déanaí gurb é Séas a athair a lua anseo freisin.

Níl an oiread faisnéise ag iarrthóirí faoi Oilimpia. D'fhéadfaí príomhghnéithe a áireamh: na piseoga a bhí aici agus chomh cráifeach is a bhí sí do na déithe a lean seisean; an iontaoibh mhór a bhí aici as agus gur thaobhaigh seisean léi san achrann le Pilib ag bainis Philib; na scéalta a bhí aici maidir lena ghiniúint ó Dhia b'fhéidir nach séanann seisean agus is dóigh atá an-áisiúil dó; na litreacha a scríobh sé chuici de shíor agus an chasaoid a rinne sé le hAntapataer nár bhfiú ceann dá deora míle dá chuid litreacha.

I gcás Arastatail, is iad na príomhphointí a d'fhéadfaí a chur san áireamh ná na cúiseanna gur roghnaigh Pilib é le haghaidh Alastair; agus go ndúirt Alastar go raibh sé mar a bheadh athair aige. Mhúscail Arastatal Alastar chun spéis a léiriú i ngach cineál foghlama, ní hamháin san Fhealsúnacht. Is cosúil go raibh spéis ag Alastar san Fhealsúnacht ar feadh a shaoil go léir; is léir ón gceangal a bhí ag Arastatal le Callastainéas agus ón bhfearg a bhí ar Alastar le hArastatal as roinnt comhairle a thug sé dó a fhoilsiú go raibh tionchar mór aige ar Alexander.

**Plé, 20; Forbairt, 20; Meastóireacht ghinearálta, 10.** **(50 marc)**

(ii) (a) Is 'Déan comparáid' an treoir oibríoch anseo; mar sin, ní mór d'iarrthóirí tuairim a thabhairt maidir leis an gcosúlacht agus/nó an difríocht san oirbheartaíocht. Réitigh Dáirias láthair chatha mhór oscailte gar d'Abhainn Bumodus. D'iarr sé ar innealtóirí an limistéar a chothromú ionas go mbeifí in ann úsáid níos fearr a bhaint as an marcra agus as carbaid Scitiacha. Bhí arm 40,000 marcra aige, aon mhilliún saighdiúirí coise (tá tuairimí éagsúla ag staraithe maidir leis an líon beacht anseo) agus 200 carbad. Bhí 15 eilifint aige freisin. Cheap sé go seachnódh sé sin treascairt den chineál a tharla ag Iseas, ach bhí dul amú air. Choinnigh sé a chuid trúpaí ina seasamh ar feadh na hoíche freisin ar fhaitíos go dtarlódh ionsaí oíche, rud a d'fhág iad gan mheanma agus tuirseach traochta. Chuir Dáirias é féin sa lár in éineacht le gardaí cosanta na Peirse. Bhí 50 carbad agus 15 eilifint chun tosaigh freisin mar aon le marcra Baictriach ar an sciathán ar chlé le marcaigh Scitiacha. Ar thaobh na láimhe deise chuir sé tuilleadh marcra agus boghdóirí ar chapaill. Ar an lámh eile, thug Alastar a chuid trúpaí i bhfoisceacht ceithre mhíle den namhaid agus ghlac sé comhairle Phairméinión ansin campa a chur suas agus an talamh a scabhtáil. Níor ghlac sé lena chomhairle ionsaí oíche a dhéanamh toisc gur cheap sé go mbeadh an iomarca contúirte ag baint leis sin agus freisin go mb'fhéidir go bhfágfaí dá bharr nach bhféachfaí ar bhua mar cheann bailí ní ba dhéanaí. Labhair sé lena chuid fear faoi ghaiscí a d'éirigh leo a bhaint amach roimhe seo agus chomh cróga is a bhí siad ó rugadh iad. Dúirt sé go raibh rath gach

duine ag brath ar chrógacht gach duine aonair agus gur leis an gcath seo a chinnteofaí cé a bheadh ag rialú na hÁise go léir. Chuir Alastar marcra na gCompánach ar thaobh a láimhe deise, na Gardaí sa lár agus na saighdiúirí coisithe faoi arm trom agus an marcra Teasálach ar chlé. N.B. féadfaidh iarrthóirí comhairle Phairméinión a úsáid i rannán (a) nó (b) den cheist seo, tá sí chomh bailí céanna i ngach aon cheann.

**Ceithre phointe ghearra (4, 4, 4, 3) (15 mharc)**

(b) Stiúir Alastar na Compánaigh ar sceabh-uillinn faoi fhoscadh trúpaí éadroma a chuir iallach ar arm Dháirias bogadh trasna in éineacht leis. Bhí faitíos ar Dháirias go dtiocfadh sé ar thalamh corrach, agus mar sin d'ordaigh sé do na carbaid cliathán deas Alastair a scoitheadh, ach bhí sé ag fanacht air sin agus sheol sé an marcra ina gcoinne. Is cosúil gurbh é an plean mór a bhí ann dronuilleog fholamh a chruthú rud a d'fhágfadh nach mbuailfí iad ar aon nós fiú dá ndéanfaí scoitheadh orthu. Ba sheift chliste a bhí anseo i gcoinne arm ní ba mhó, ach ag a raibh saighdiúirí ní ba laige. Casadh treabh Agrianes agus caiteoirí sleá ar na carbaid Scitiacha agus tharraing na srianta síos a gcuid tiománaithe, agus scoilt na línte freisin agus scaoileadh roinnt díobh tríothu. Idir an dá linn shroich saighdiúirí coise Alastair lár Dháirias agus sheol compánaigh an mharcra ionsaí tobann ar phost Dháirias féin. Nuair a scaipeadh an Peirseach clé chuaigh Dáirias ar a theitheadh. Idir an dá linn, tarraingíodh cliathán Phairméinión siar ar an gcosantach agus bhí sé ag titim siar go dona, ach chuaigh Alastar, de bharr iarratais ar chúnamh, chun cuidiú leis agus d'éist sé le Dáirias. Casadh tuilleadh d'arm na Peirse dó ar an mbealach agus chloígh sé iad. Ba iad a chuid seifteanna: an dronuilleog fholamh, ag dul chun tosaigh ar sceabh-uillinn, na seifteanna a bhí aige na carbaid a chur ó mhaith agus solúbthacht a chuid trúpaí, go raibh sé ábalta bogadh go tapa chun achrann a stopadh (e.g. ar an gcliathán clé) - bhuaigh na rudaí sin go léir an cath sin d'Alastar.

**Míniúchán comhleanúnach ar conas a bhí rath ar an gcath seo de bharr na seifteanna. (25 marc)**

(c) Chuaigh Alastar i ndiaidh Dháirias nuair a cloíodh é ach d'éirigh leis éalú. Tógadh maoin an tsaoil ar fad uaidh, a chuid airgid, a sciath, a charbad agus a bhogha. Bhí 100 fear caillte ag Alastar agus thart ar 1,000 capall. Measadh go raibh 300,000 Peirseach básaithe. Thóg Alastar cathair mhór na Babalóine anois. Bhí Dáirias ina theifeach, choinnigh a dhaoine féin mar ghiall é agus fágadh amhail marbh é. Is pointe bailí anseo an saibhreas a d'éirigh le hAlastar a fháil ag Súsa. Ionas go bhfaighfear marcanna iomlána anseo ní mór cur síos a dhéanamh ar na hiarmhairtí a bhí ann don bheirt phríomhphearsana.

**Dhá phointe ghearra. (5, 5) (10 marc)**

(iii) (a) Ag Abhainn Hyphasis, leagann Coenus síos go follasach roinnt de na cúiseanna nach leanfaidh fir Alastair é: Deir sé go bhfuil sé ceart teorainn a chur leis na tascanna is mian linn a bhaint amach agus leis na rioscaí is mian linn a ghlacadh. Deir sé go bhfuil go leor de na Macadónaigh marbh anois agus go bhfuil an dream atá fágtha leonta agus ar bheagán meanma. Níl siad chomh bríomhar is a bhí tráth agus is mian leo go léir a dhul abhaile go bhfeicfidh siad a dteaghlaigh, go háirithe toisc go bhfuil siad saibhir anois. "Ná tabhair leat iad in aghaidh a dtola." Deir sé nach dtroidfidh siad ar shlí chomh cróga anois toisc go mbeidh siad ag troid in aghaidh a dtola. Molann sé gur cheart d'Alastar dul abhaile agus sluaíocht eile a thabhairt leis ina mbeidh fir eile. Dar leis gur rud glórmhar é guaim a choinneáil ort féin nuair a éiríonn leat. Tagann an chinniúint gan choinne. Mar sin féin, i measc na gcúiseanna eile a bhí leis an gceannairc bhí an bháisteach gan staonadh a thit ón mbua ag an Hiodaispéas agus domheanma a bheith orthu nuair a chonaic siad a Rí i mbun fiontar contúirteach agus suaiteach gan deireadh. Chuala na fir tuairiscí freisin go raibh an Hyphasis ceithre mhíle ar leithead agus céad feá ar domhain. Bhí imní orthu freisin faoi mhéid an airm ar an taobh eile agus faoin gcineál airm a bhí ann.

**Trí chúis (7, 7, 6) (20 marc)**

(b) Féadfaidh iarrthóirí míniú a thabhairt faoin gcaoi ar ghairm Alastar cruinniú agus gur labhair sé lena chuid fear chomh luath is a bhí a fhios aige go raibh drogall orthu dul trasna na habhann. Féadfar ábhar agus ton na hóráide a lua anseo freisin. Bhí Alastar ar buile mar gheall ar óráid Coenus agus an chaoi a ndeachaigh sé i gcion ar na fir. Scoir sé den chruinniú. Lá arna mhárach ag cruinniú

eile dúirt sé go leanfadh sé air agus thug sé dúshlán dá chuid fear a dhul abhaile agus a rá go raibh sé tréigthe acu. Bhí stuaic air ansin ar feadh trí lá, ag fanacht go n-athródh a chuid fear a n-intinn. Ach d'fhan siad ina dtost agus, sa deireadh, rinne sé íobairt dul trasna na habhann, ach b'olc an tuar dó é. Ghlaoigh sé ar a chuid ceannasaithe agus dúirt go raibh sé socraithe aige iompú ar ais. Bhí ceiliúradh mór ann. Thóg sé 12 altóir agus rinne sé ofráil-altaithe do na déithe.

**Trí phointe (7, 7, 6) (20 marc)**

(c) Insíonn an eachtra seo dúinn cúpla rud faoin gcaidreamh a bhí aige lena chuid fear. Ar an gcéad dul síos, thosaigh sé amach sách réasúnta, a rá go rachadh sé i gcion orthu nó go rachaidís féin i gcion airsean. Ach ansin, is cosúil go bhfuil drogall ar a chuid fear labhairt amach, rud a thabharfadh le fios, b'fhéidir, go bhfuil faitíos orthu go mbeidh sé ar buile leo. Caithfidh Coenus míniú a thabhairt ar a chás féin sula labhróidh sé. Is stainceach agus is páistiúil mar a fhreagraíonn sé Coenus, agus ní thaitníonn sé sin lena chuid fear. Ní chuidíonn an stuaic pháistiúil a bhí air lena n-intinn a athrú. Mar sin féin, fiú amháin má éiríonn leis iad a thabhairt leis trí rá go raibh míshéan air, ar a laghad ar bith bhí sé de mhúineadh air toiliú filleadh ar ais. D'fhéadfaí an argóint a dhéanamh freisin gurbh uair na cinniúna a bhí san eachtra ag an Hyphasis ina chaidreamh lena chuid fear. Mar sin, cé go bhfuil fianaise ann go raibh roinnt brú i gceist, tá a chuid fear dílis dó i gcónaí agus iad buíoch nár "lig sé é féin a bheith cloíte ach acu féin amháin".

**Dhá phointe (5,5) (10 marc)**

(iv) Is dóigh go n-aontóidh formhór na ndaltaí leis an ráiteas sin. D'fhéadfaí eachtraí amhail bás Fhiolótas, Phairméinión, Chléiteas agus Challastainéas a áireamh anseo. D'fhéadfaí iad seo a leanas a áireamh leis an bhfianaise ar an meath a bhí ag teacht ar a charachtar agus ar an spadhar a bhuail é tar éis Chath Ghágaiméala: an cantal a bhí air ag Abhainn Hyphasis nuair a bhí na fir ag iarraidh dul abhaile; d'fhéadfaí féachaint ar a sheift chraiceáilte ag Léigear Mallach áit ar gortaíodh go dona é mar dhroch-bhreithiúnas a thug sé; an drochsmaoineamh amach is amach a bhí aige dul trasna Fhásach na Geadróisia nuair a dúradh leis cé chomh contúirteach is a bhí sé; gur thug sé sléachtadh isteach; na cóisirí go léir ag Carmania agus an bhainis mhór ag Súsa agus í sa stíl Pheirseach; mar a chaith sé le Abulites ar theip air bia a fháil dá chapaill (sháigh sé a mhac le píce); an faitíos a bhí ar a chuid fear nuair a iarradh orthu a gcuid ainmneacha a thabhairt chun fiacha a aisíoc; an chaoi áibhéalta a ndeachaigh bás Hephaestion i gcion air, lena n-áirítear an t-ár a rinne sé ar threabh Cossaea; an míléamh a thug sé ar an gcás in Opis nuair a rinne sé iarracht na Macadónaigh a dhíbirt abhaile (fiú dhaor sé 13 dhuine díobh chun báis); chomh toilteanach is a bhí sé éisteacht le líomhaintí maidir le feall agus mar a chreid sé níos mó agus níos mó i bpiseoga agus i mí-ádh nó drochthuar, "bhí sé ina sclábhaí ag a scáth féin"; de réir mar a chuaigh na blianta ar aghaidh, is cosúil gur mhéadaigh a dhúil san ól freisin. D'fhéadfadh daltaí argóint a dhéanamh i gcoinne an ráitis sin, rud is féidir leo a dhéanamh chomh fada is go bhfuil siad in ann fianaise a thabhairt go raibh droch-éasc i gcarachtar Alastair ar feadh blianta roimh chath Ghágaiméala, agus gur mhinic leis racht feirge é a bhualadh agus go dtugadh sé droch-bhreithiúnas ar rudaí le fada an lá.

**Plé, 20; Forbairt, 20; Meastóireacht ghinearálta, 10. (50 marc)**

## Topaic 3. An Saol agus Cúrsaí Smaointeoireachta i bPoblacht Dhéanach na Róimhe.

(i) (a) Tugann Sallaistias léirmheas gránna ar Róimh a linne. Measann sé go bhfuil an Róimh truaillithe ag fóillíocht is ag saibhreas. Tá santú airgid imithe i méid agus is í an tsaint sin bun agus barr an oilc go léir sa saol, dar leis. Deir sé go bhfuil dí-umhlaíocht, mínós agus mí-urraim ann anois do na déithe, go bhfuil na bréaga agus an fhimíneacht i mbarr réime agus go bhfuil an oiread sin dúil in airgead is go bhfágann sé fir ina bpiteoga agus iad cruálach dá mbráithre. D'fhág an tsaint gan chosc, daoine truaillithe agus tionchar na hÁise go raibh siad sa tóir ar mhná agus ar alcól. Ina dhiaidh sin chuir siad spéis san ealaín agus sa tsócúlacht agus ní raibh aon ómós acu do nithe beannaithe níos mó.

Tá gach fear ag tochas ar a cheirtlín féin.

**(Dealramh ex 20 marc)**

(b) In "*Greatness and Decline of Rome*" de chuid Sallaistias, deir sé gurb í an tsaint i gcomhair cumhachta agus airgid bun agus barr an oilc ar fad sa saol. Bhí saint agus uaillmhian mar phlá ag scaipeadh ar fud an stáit. Lig Sulla dá lucht leanúna a bheith ag robáil agus ag ionradh gan smacht ar bith orthu. D'fhoghlaim a chuid arm san Áise faoi chead a gcinn agus faoin tsóchúlacht. Deir sé gurb amhlaidh, nuair a bhí faitíos ar an Róimh faoi namhaid coiteann, go raibh gach rud ceart eatarthu, ach nuair a bhí síocháin i réim, go raibh fadhbanna ann.

Sa Róimh chruthaigh bunú páirtithe agus buíonta achrann i measc na saoránach. Bhain na huaisle mí-úsáid as an seasamh a bhí acu. Rialaigh grúpa beag scothaicme ar mhaithe leis féin agus iad an-ghéar ar na gnáthdhaoine. Bhí deighilt sa phobal agus bhí an stát scriosta. Maraíodh aon duine a bhí i gcoinne chumhacht na huasaicme, ar nós Tibir agus Gháias Gracchus. Dar le Sallaistias go dtarlaíonn sé sin de ghnáth nuair a bhíonn náisiúin deighilte i bhfaicsin, teipeann ar an bhfaicsean buacach gníomhú go measartha agus bíonn domlastacht uafásach i réim.

**Plé, 12; Forbairt, 12; Meastóireacht ghinearálta, 6. (30 marc)**

(ii) D'éirigh Poimpéas ina dhuine uasal d'fhás aon oíche, bhí buanna iontacha aige san Áise agus i gcoinne Sheartóirias sa Spáinn agus fuair sé an lámh in uachtair ar na foghlaithe, rud a thaitin go mór le muintir na Róimhe. Ba é giolla gualainne Shulla é, bhí sé ina chonsal roinnt uaireanta agus bhí sé ina bhall den Chéad Triúracht in éineacht le Caesar agus Crassus. Theip air an fód a sheasamh i gcoinne Chlóidias agus thréig sé Cicearó. Líomhnaíodh freisin go raibh sé leisciúil agus go raibh sé ró-cheanúil ar a bhanchéile! Níos déanaí, theip ar Phoimpéas déanamh de réir a chlú, i gcoinne Chaesair. Bhí míthuairimíocht aige a chuaigh chun aimhleasa dó agus rinne sé droch-chinntí. Bhí an iomarca muiníne aige as féin, agus ghlac sé le focal na léigiún a sheol Caesar ar ais chuige sa Róimh, nach mbeadh air ach buille a thabhairt dá chois is go mbeadh sé in ann an Iodáil a líonadh le hairm a bheadh dílis dó. Chuaigh sé ar a theitheadh as an Róimh tráth ab fhearr dó i bhfad fanacht ansin. Tar éis chath Dyrrachium, dá n-éireodh leis leanúint dá bhua, d'fhéadfadh sé Caesar a bheith cloíte aige. Fuair sé bás náireach san Éigipt, agus é tréigthe ag a chairde. Ba é an locht ba mhó a bhí air, de réir dealraimh, ná a chuid gaisce agus éiginnteachta. Is corraitheach an cuntas a thug duine dá iar-shaighdiúirí ar a adhlacadh. D'fhéadfadh na hiarrthóirí aontú nó easaontú leis an ráiteas sin, a fhad agus a thugann siad tacaíocht dá dtuairim trí thagairtí a dhéanamh don téacs.

**Plé, 20; Forbairt, 20; Meastóireacht ghinearálta, 10. (50 marc)**

(iii) (a) "Ach is é an fonn ollmhór a bhí ar Caesar bheith ina rí an chúis ba mhó a raibh dearg-ghráin chomh follasach air sa deireadh". Smaoiníonn Plútarc ar roinnt eachtraí ina ndearna cairde agus plámásaithe Chaesair iarracht teidil agus onóracha a bhrú air. Chaith seisean le drochmheas le seanadóirí agus le hoifigigh thofa eile uaireanta. Is fiú féachaint freisin ar imeachtaí fhéasta Lupercalia nuair a thairg Antaine coróin arís is arís eile do Chaesar. Measadh go raibh sé cruálach freisin ar an mbealach ar chaith sé leis na treabhainn, Flavius agus Marullus, ag an ócáid sin agus nach raibh cál ar bith dó a bheith mar sin. Díol suntais eile is ea an brú a cuireadh ar Bhrútas aithris a dhéanamh ar a shinsear a chuir ruaig ar an rí deiridh a bhí sa Róimh, Tarquin, amach as an gcathair. Bhí an ghráin freisin ag Cassius ar Chaesar agus bhí drochintinn aige dó. Cúis eile agus cúis an-tábhachtach ná go raibh deachtóir déanta ag Caesar dó féin ar feadh a shaoil ar fad. Ar ndóigh d'fhág an gníomh frith-Phoblachtach sin go raibh na comhchealgairí meáite fáil réidh leis.

**Trí phointe (7,7,6) (20 marc)**

(b) D'imigh na seanadóirí go tobann agus chuaigh siad i bhfolach ina gcuid tithe. Bhí mearbhall agus eagla ar na daoine. Mháirseáil na feallmharfóirí chuig an gCaipeatól, agus a gcuid miodóg fuilteacha os a gcomhair amach acu agus iad ag dearbhú go raibh an tsaoirse i réim arís. Lá arna mhárach rinne Brútas óráid, inar thug sé míniú ar cad a spreag iad, agus bhí gach duine ina dtost. Ach nuair a osclaíodh uacht Chaesair agus nuair a fuarthas amach gur fhág sé oidhreacht ag gach saoránach Rómhánach, d'athraigh a ngiúmar ar fad. Chuir an t-amharc a fuair siad ar chorp Chaesair, clúdaithe le créachtaí sáite, fearg ar an slua agus d'ionsaigh siad tithe na gcomhcheilgeoirí. Rinneadh píosaí d'fhear ar a tugadh Cinna toisc gur ceapadh gurb é an feallmharfóir Cinna a bhí ann. Bhí faitíos ar

lucht na comhcheilge go gcuirfí chun báis iad agus chuaigh siad ar a dteitheadh chuig an nGréig

**Trí phointe. (10,10,10) (30 marc)**

(iv) (a) Sa litir, labhraíonn Ciceáró le Atticus faoi phósadh Pomponia, deirfiúr le Atticus, le deartháir Chiceáró, Quintus. Deir sé go raibh a dheartháir, Quintus an-lách le Pomponia agus nár cuireadh eatarthu mar gheall ar airgead. Lá arna mhárach d'iarr Quintus go múinte ar a bhanchéile cuireadh a thabhairt do na mná agus go dtabharfadh seisean cuireadh deas do na fir. Ach bhí sí mímhúinte ina freagra agus dúirt sí gur mhothaigh sí mar strainséir, agus fearg uirthi mar nach raibh an dinnéar ullmhaithe ag duine éigin cheana féin. Bhí Quintus i mbarr a chéille ag an méid sin agus d'fhiafraigh sé de Chiceáró cad a cheap sé den mhéid arbh éigean dó cur suas leis ar feadh an lae gach lá. Cé nár tháinig sí ag an dinnéar, chuir Quintus bia amach chuici ach d'fhág sí ina diaidh é. Deir Ciceáró go raibh sí thar a bheith drochbhéasach. Deir sé freisin nár inis sé an scéal iomlán anseo fiú. Níos déanaí, chuala sé gur dhiúltaigh sí luí le Quintus an oíche sin. Deir Ciceáró gur thug Atticus comhairle dá dheirfiúr maidir lena hiompar. **Trí phointe. (10,10,10) (30 marc)**

(b) Is cosúil go bhfuil Ciceáró an-mhór lena dheartháir agus tugann sé cosaint iomlán dó. Is cosúil nach gceapann sé go bhfuil aon locht ar a dheartháir anseo, agus ní smaoiníonn sé fiú go bhféadfadh níos mó a bheith i gceist leis an méid atá eatarthu ná díreach drochiompar Pomponia. Is léir go bhfuil sé an-chosantach maidir lena dheartháir agus é ag scríobh chuig Atticus le dul i gcion ar a dheirfiúr í féin a iompar níos fearr.

**Pointe forbartha amháin. (10 marc)**

(c) Is deacair aon trua a bheith agat do Pomponia sa chás seo toisc nach bhfuil againn ach taobh amháin den scéal. Is cosúil go bhfuil sise an-chantalach agus achrannach agus go bhfuil Quintus an-réasúnta agus cineálta. Is fiú a thabhairt faoi deara nach bhfuil againn ach tuairim Ciceáró agus gur cinnte go bhfuil sé claonta.

**Pointe forbartha amháin. (10 marc)**

## Topaic 4. Na Staraithe Rómhánacha.

(i) (a) Déarfadh daoine a bheadh ar son Ágastas nach raibh de rogha aige mar gheall ar dhualgas macúil ach aghaidh a thabhairt ar chogadh cathartha. Bhí an tír scaipthe leigheasta ag riail fear amháin. Rialaigh sé go leanúnach níos faide ná aon duine eile. Bhí na teorainneacha slán, bhí cosaint ag saoránaigh ón dlí agus bhí an Róimh faoi bhláth arís. Bhí riail an dlí i réim agus bhí ómós do chomhghuaillithe na Róimhe. Dar leo sin a bhí i gcoinne Ágastas nach raibh sa dualgas macúil ach leithscéal ar mhaithe lena uaillmhian féin a shásamh agus gur dúil sa chumhacht an chúis a bhí leis i ndáiríre. Deir siad go raibh sé neamhthrócaire ag imirt cleasa ar dhaoine, ag mealladh an airm leis agus gur chaith sé go holc le haon duine nár thaobhaigh leis, lena n-áirítear eisreachtuithe agus gabháil talún. Deir siad freisin go mba dhaor an tsíocháin í sa deireadh, síocháin fhuilteach. Luadh tubaistí Lollius agus Varus agus na dúnmharuithe breithiúnacha. Ceistíodh cibé an raibh sé pósta i ndáiríre agus gur droch-rogha a bhí in Livia. Níor léirigh sé onóir do na déithe toisc go ndearnadh an oiread adhartha as féin agus cheap sé Tibir mar chomharba air d'fhonn a ghlóir féin a threisiú, cé go raibh a fhios aige go raibh lochtanna ag baint leis.

**Ceithre phointe. (9, 9, 9, 8) (35 marc)**

(b) Cuireann Tacatas an díospóireacht i láthair ar bhealach sáraíochta díreach mar a dhéanfadh dlíodóir. Shílfeá gur bealach cothrom é, ach nuair a léann tú níos géire é, tá na pointí dearfacha atá aige sách gearr agus na pointí diúltacha i bhfad níos faide agus níos mionsonraithe. Is léir freisin go gcuirtear a phointí diúltacha in iúl ar bhealach níos láidre agus mar sin téann siad i bhfeidhm níos láidre ar an léitheoir, go háirithe toisc go ndéantar na pointí sin tar éis na bpointí dearfacha. Is cinnte go bhfuil an reitric i bhfeidhm agus is é an toradh deiridh atá leis ná beag is fiú a dhéanamh d'Ágastas agus dá réimeas.

**Dhá phointe. (8, 7) (15 mharc)**

(ii) Ó thús a bheathaisnéise, is léir nach bhfuil Tacatas ceanúil ar Thibir. Déanann sé amach gur bréag atá sa drogall atá ar Thibir dul ag rialú. Tagann sé trasna mar thíoránach duáilceach díomasach míghnaíúil. Léirítear Gearmánacas mar laoch a fuair nimh ó Piso ar mhaithe le Tibir. Feicimid Agrippina freisin mar dhuine neamhurchóideach atá sáite in achrann díoltasach. Feictear na seanadóirí freisin mar íospartaigh seachas mar dhaoine atá ag tochas ar a gceirtlín féin díreach mar a bhí roinnt mhaith díobh. Déantar cur síos ar fhilleadh Thibir ar Capri chun éalú ó phoimp na hoifige mar leithscéal chun leas a bhaint as gach cineál mímhoráltachta agus contráilteachta gnéis. Ba cheart go rachadh an t-iarrthóir i ngleic leis an dá ghné den cheist i.e. cruinneas Thacatas i ndáil le fíricí faoi ré Thibir agus an leatrom in aghaidh Thibir mar is léir ón tuiscint a bhaineann sé as na fíricí. Mar shampla, fiú go luath ina réimeas, nuair a dhéanann Tibir rudaí maithe, ní leagann Tacatas ach na ceannfháthanna is measa air, cosúil le fimíneacht agus feall. Déantar cur síos ar aon fhlaithiúlacht mar rud bréagach. Maidir leis an gcéad ghné, d'fhéadfadh an t-iarrthóir roinnt eachtraí a lua, e.g. bás Ghearmánacas agus ar tháinig dá bharr, an triail mar gheall ar thréas, na feachtais sa Ghearmáin, Séánas agus a chuid coiriúlachta. Ina gcás sin ar fad, tugann Tacatas cuntas cruinn soiléir ar ar thit amach – agus is minic go dtéann sé an-mhion sa scéal. Níl aon fhianaise ann go ndearna sé aon chumadóireacht ná gur cheil sé aon ní. Ina ainneoin sin, is minic nach ró-mhaith a thagann na fíricí a thuairiscítear agus an tuiscint ba mhaith le Tacatas a chur trasna le chéile. Gné choitinn amháin is go bhfuil Tacatas go hiontach ag insint ráflaí a chaitheann droch-chlú ceart ar Thibir, cé nach ndeir Tacatas in aon chor gur fíricí iad. Tugann sé le tuiscint go raibh baint ag Tibir le bás Ghearmánacas agus go raibh sé gníomhach ag cur na dtrialacha mar gheall ar thréas chun cinn, agus ní chuireann sé béim ar ról an impire i dtitim Shéánas. Léirítear é mar namhaid na cathrach, fiú gurb é a scrios í. Beidh tuiscint á léiriú sna freagraí maithe ar na cásanna sin agus ar dheismireachtaí eile a úsáideann an staraí, mar shampla rudaí a mhaíomh nach bhféadfadh a bheith ar eolas aige.

**Plé, 20; Forbairt, 20; Meastóireacht ghinearálta, 10. (50 marc)**

(iii) Ba cheart go mbeadh iarrthóirí in ann a lua gur cheap a theaghlach nach raibh sé cumasach mar gheall ar na galair go léir a bhí ag dul dó rud a d’fhág dallaigeanta agus lag é; Bhí teagascóir aige fós nuair a bhí sé ina dhuine fásta; Níor tugadh aon oifig phoiblí dó ina óige in ainneoin a chuid dúthrachta i leith na litríochta; Ghlaoigh a mháthair anbheithíoch air agus chuirfeadh sí amaideacht i leith duine trí rá: “Is amadán níos mó eisean ná Cláidias.” Seachnaíodh é i seomraí bia agus ba mhinic é mar ábhar magaidh i mbobanna praiticiúla. Tá fianaise bhreise ar a neamhábaltacht soiléir sna blianta deiridh dá shaol nuair a bhí sé faoi thionchar a chuid daoine saortha féin agus a gcuid ban. Mar sin féin, taispeántar i staidéar a rinneadh ar an bhfoinse sa cheist go raibh raon reachtaíochta maith agus bearta ciallmhara ann. I measc na samplaí, tugadh árachas d’iompórtálaithe gráin i gcoinne caillteanais, na hoibreacha poiblí a rinne sé, draenáil ar Riasc Fucine, an cuan nua ag Ostia, gur thóg sé teampaill agus rud speisialta a rinne sé ná gur chuir sé soláthar uisce níos fearr ar fáil, go ndearna sé ionradh ar an mBreatain et al.

**Plé, 20; Forbairt, 20; Meastóireacht ghinearálta, 10. (50 marc)**

(iv) (a) Cuireadh iarrachtaí ealaíonta Néaró ar bun nuair a thosaigh sé ag aithris filíochta agus é fós an-óg. Chan sé i Neapoil ar dtús agus d’fhoghlaim sé an lir ó Terspeus. Bhíodh sé ag cur múisce air féin agus ní íosfadh sé ach amháin bia a bhí go maith dá ghlór. Bhí glór lag múchta aige ach bhíodh sé ag gabháil fhoinn mar sin féin mar bhíodh aird na ndaoine uaidh agus fuair sé misneach ón lucht tacaíochta a bhí aige. Chuir sé comórtas ar bun gach cúig bliana ar a tugadh an Neronia. Ba mhinic leis a bheith ag canadh ar feadh laethanta as a chéile, agus lean sé air ag canadh nuair a bhí crith talún ann uair amháin. Thaitníodh sé leis daoine óga ó Chathair Alastair a bheith á thionlacan agus iad ag bualadh bos. Bhíodh sé páirteach i gcomórtais lire agus uaireanta chuireadh sé críoch an chomórtais ar atráth ionas go bhféadfadh sé leanúint air ag canadh. Bhíodh masc á chaitheamh aige agus bhíodh páirteanna aige i dtraigéidí, páirteanna d’fhir agus do mhná, do dhéithe agus do bhandéithe. Chuaigh sé chomh fada leis an nGréig le canadh i gcomórtais toisc gur chreid sé gurbh iad na Gréagaigh amháin a raibh cluas éisteachta acu i gcomhair an cheoil. Lean ceann dá chuid léirithe ar aghaidh chomh fada agus na doirse dúnta is gur thug mná naíonáin ar an saol lena linn, léim roinnt daoine eile den bhalla le héalú agus lig daoine eile orthu féin go raibh siad marbh ionas go bhféadfaí iad a chrochadh amach

lena n-adhlacadh. Bhíodh sé neirbhíseach sula rachadh sé ar stáitse agus bhíodh sé ag déanamh béadchainte ar iomaitheoirí eile agus ag diancheistiú na moltóirí. Thugadh sé an duais abhaile leis i gcónaí. Bhí sé an-dian maidir le rialacha na gcomórtas go léir a chomhlíonadh. D'fhógraíodh sé féin go raibh an bua aige agus thógadh sé dealbha brád agus leachtanna buaiteoirí eile agus chaitheadh sé sa bhruscar iad. Thaitin péintéireacht agus dealbhóireacht go mór leis freisin. De réir a chéile bhí a iompar trína chéile ar fad agus bhíodh scannal agus foréigean ag baint leis i gcónaí.

**Trí phointe (10,10,10) (30 marc)**

(b) Thosaigh sé ag caitheamh níos mó ama le cúrsaí ealaíne ná mar a chaith sé mar impire. Bhíodh sé ar thóir airde agus lucht leanúna. Mheas sé daoine bunaithe ar an moladh a thugadh siad dá chuid léirithe. D'fhág sé an Róimh le cur faoi sa Ghréig ar feadh tréimhse fhada agus nuair a dúirt a dhuine saortha Helius leis gur theastaigh sé le breathnú i ndiaidh gnóthaí na Róimhe, níor chreid sé é agus ní raibh ag déanamh imní dó ach a léirithe ealaíne. Chan sé faoi scrios na Traí agus an Róimh ag lasadh (de réir an tseanchais ba é féin a las í chun talamh a ghlanadh). Ba mhinic leis duine éigin eile a chur ag caint lena chuid saighdiúirí ar fhaitíos go millfeadh sé a ghlór agus chuir sé go leor airgid amú ar a chuid léirithe agus ar thograí tógála. D'ordaigh sé Brittanicus a mharú toisc go raibh sé in éad leis mar gheall ar an nglór breá a bhí aige. Ba mhó i bhfad imní a chuir a chumas mar ealaíontóir air ná mar a chuir leas na cathrach agus dá réir sin chaill muintir an tSeanaid agus na daoine suim ann.

**Pointe forbartha amháin. (10 marc)**

(c) Is sampla maith é an cuntas a fhaighimid maidir le bás Néaró faoin siabhrán a bhí air i ndáiríre. Bhí sé scartha ó fhírinní an tsaoil le himeacht aimsire agus ní raibh spéis aige in aon rud sa saol seachas é féin. Chum sé ceol de réir mar a chuala sé an scéala faoi réabhlóid Vindex. Bhí sé ina chladhaire agus é truamhéalach ag deireadh a shaoil tráth nach raibh aon rogha eile aige ach tabhairt isteach don bhás. Léiríodh sna focail deiridh a tháinig uaidh "Caillfidh an saol mór ealaíontóir nuair a chaillfear mise" an bealach mí-éifeachtach agus siabhránach a bhí le Néaró i ndáiríre.

**Pointe forbartha amháin. (10 marc)**

## Topaic 5. An Drámaíocht Ghréagach.

(i) Is é Diníseas dia an fhíona agus na hamharclainne. Coinníonn sé an dráma le chéile ina iarracht an file is fearr a thabhairt ar ais chuig an Aithin. In *Froganna,* tá carachtar Dhinísis go hiomlán áiféiseach go mór mór sa chéad chuid den dráma. Tá sé gléasta go hamaideach, in éadaí seafóideacha buí. Is léir gur cladhaire é agus nach bhfuil sé chomh cliste in aon chor lena sclábhaí. Tá faitíos damanta air roimh Ifreann agus salaíonn sé a chuid éadaí sula dtéann sé isteach. Leagtar béim ar a chlaidhreacht sna héadaí ar stíl Earcail a bhíonn á gcaitheamh aige. Nuair a bhreathnaíonn tú air níl cuma dia ar bith air. Tá sé an-ghreannmhar agus shílfeá gur fear grinn é leis an iompar a bhíonn air. Is greann ropánta agus barbartha a bhíonn aige agus bíonn dhá léamh air go minic. Fiú nuair a bhíonn an comórtas ar siúl, is deiliúsach a bhíonn sé ina thaobh agus bíonn sé ag magadh faoi gach duine má fhéadann sé é. Is ag an deireadh amháin, nuair a chaithfidh sé breithiúnas a thabhairt, a ghlacann Diníseas ról níos dáiríre agus shílfeá gur duine é a bhfuil dáiríreacht agus dínit ag baint leis. Tá misean dáiríre aige: socrú cén file a bheidh in ann an Aithin a thabhairt slán in am an ghátair. Ba cheart go mbeadh iarrthóirí in ann tagairt a dhéanamh do Chogadh na Peilipinéise a bhí ag céim ríthábhachtach nuair a cuireadh an dráma seo ar stáitse agus do Coup na nOlagarcach ar theip air. Tá pointí tábhachtacha ag Arastafainéas maidir leis an dá shaincheist seo (cé chomh héagórach is a caitheadh le baill an coup a raibh a gcearta vótála bainte dóibh; cibé ar cheart nó nár cheart glacadh leis an tsíocháin le Sparta agus cibé ar cheart ligean do Alcaibiaidéas filleadh). Eisean an té a labhraíonn faoi cheisteanna comhaimseartha san Aithin thar ceann Arastafainéis, rudaí cosúil leis an gcogadh le Sparta, laigí polaiteoirí agus caimiléireacht sa chathair. Níos tábhachtaí ná sin, déanann sé réiteach sa díospóireacht idir Eoiripidéas agus Aescaileas. Nuair a roghnaíonn sé Aescaileas in ionad Eoiripidéas, tá Arastafainéas, trí Dhiníseas, ag déanamh ráiteas polaitiúil láidir. Cé go bhféadfá a rá gur bobarún de dhuine é Diníseas, faoi dheireadh an dráma, tá cúram an-dáiríre air mar chathaoirleach.

**Plé, 20; Forbairt, 20; Meastóireacht ghinearálta, 10. (50 marc)**

(ii) Is téama lárnach í an tuismitheoireacht sa dráma *Méidé* le hEoiripidéas. Aontóidh iarrthóirí leis an ráiteas agus ba cheart dóibh roinnt den fhianaise seo a leanas a thabhairt: Tugann gach duine sa dráma tuairimí faoi thuismitheoireacht ar bhealach amháin nó ar bhealach eile. Is ar an naímharú atá an dráma dírithe. I measc na bpointí a d'fhéadfaí a áireamh: is í an t-aon duine is cosúil a bhfuil cion i ndáiríre aici ar na buachaillí ná an tAltra, ach ní hí sin a máthair; is tuismitheoir neamh-airdiúil é Jason a shíleann go bhfuil cion aige ar a chlann mhac, ach is léir nár thriail sé fiú amháin iad a choinneáil sa ChBoraint, mar sin féin tá a chroí briste ag an deireadh nuair nach féidir leis fiú méar a leagan orthu. Is athair iontach dílis é Créón a bhfuil cion a chroí aige ar a iníon agus a dhéanann iarracht í a chosaint, ach a dteipeann air. Faigheann sé bás sa deireadh toisc go mbeireann sé barróg uirthi agus nimh faighte aici. Is de bharr achainí air i gcáil tuismitheora a áitítear air tabhairt isteach agus ligean do Méidé fanacht lá amháin. Is fear é Aegeus, Rí na hAithne ar bhreá leis a bheith ina athair. Tá sé ciaptha toisc nach bhfuil aon mhuirín aige agus thaistil sé go Deilfe le feiceáil cad is fearr dó a dhéanamh le clann a ghiniúint. Toisc nach bhfuil aon leanaí aige úsáideann Méidé é lena plean féin a chur chun cinn. Is mná Corantaigh iad an Chór agus is spéisiúil go n-éiríonn le Méidé iad a mhealladh ar a taobh féin nuair a deir sí leo cé chomh contúirteach is atá tinneas clainne. Tá óid chórúil ann freisin faoin ádh a bhíonn ar dhaoine nach bhfuil aon leanaí acu i gcomparáid le tuismitheoirí. Ar deireadh, pléifidh iarrthóirí le Méidé í féin. Is máthair í a bhfuil cion aici ar a cuid leanaí (féach chomh deacair is a bhí sé aici misneach a fháil chun iad a mharú), ach níl a dóthain ceana aici orthu. Is tábhachtaí iad i gcáil uirlisí lena n-úsáid i gcoinne an fhir a bhfuil an ghráin aici air. Mar sin déileálann Eoiripidéas le raon leathan dearcaí i leith leanaí agus i leith na tuismitheoireachta ar feadh an dráma go léir.

**Plé, 20; Forbairt, 20; Meastóireacht ghinearálta, 10. (50 marc)**

(iii) D'fhéadfaí argóint a dhéanamh maidir leis an ráiteas sin agus d'fhéadfadh roinnt iarrthóirí easaontú leis. Má tá iarrthóirí ag iarraidh aontú leis, áfach, féadfaidh siad a lua go ndúirt Oceanus, atá geal do Phroiméitéas, na focail sin leis. Tá sé ag tairiscint cabhrach do Phroiméitéas ina chás trí dhul chuig Séas chun idirghabháil a dhéanamh ar a shon. Diúltaíonn Proiméitéas go mímhúinte dá thairiscint. Gach seans go n-aontóidh iarrthóirí leis an ráiteas seo agus tá na hargóintí seo a leanas go léir bailí: Rinne sé an oiread don chine daonna, á gcruthú agus ansin ag múineadh gach rud atá ar eolas aige dóibh, déanann sé liosta fiú de na rudaí a rinne sé dóibh, síos go dtí tine a thabhairt dóibh go mídhleathach. Bhí sé mar threoir acu le gach rud. Cad faoina chás féin? Tá sé ceangailte le réigiún Cugais i ndiaidh dó íde béil a fháil ó Séas agus is níos measa atá sé ag déanamh an cháis trí dhiúltú do chabhair ó Oceanus agus trí scread a dhéanamh á mhaíomh go bhfuil eolas aige a theastaíonn ó Shéas ach nach scarfaidh sé leis an eolas sin. De réir mar a théann an dráma ar aghaidh, déanann a chairde iarracht comhairle a chur air, le dea-rún, maidir leis an dá cheist seo (ceapann fiú lucht a thrua, Héafaestas, an Cór agus Oceanus go raibh sé contráilte tine a thabhairt do dhaoine "nach maireann ach ar feadh lá amháin"). Ach ní éisteann sé lena gcomhairle. Is breá leis cur ina gcoinne agus níl aon fhonn air a bheith níos séimhe ina chuid cainte le Séas. Molann sé do Oceanus fanacht amach as an scéal chun é féin a chosaint, ach is cosúil nach dtuigeann sé go gcaithfidh sé é féin a chosaint chomh maith. Nuair a thagann Heirméas sa deireadh agus nuair a bhagraíonn sé pionós uafásach air mura nochtann sé do Séas cad a tharlóidh sa todhchaí, éiríonn Proiméitéas fiú níos cosantaí agus é ceanndána go deireadh. Tugann sé comhairle mhaith do dhaoine, do Oceanus agus fiú amháin do Io, atá sé ag iarraidh a chosaint ón éadóchas, ach níl sé féin in ann comhairle a ghlacadh ar mhaithe leis féin in aon chor. Ach b'fhéidir go mbeadh iarrthóirí den tuairim go bhfuil bua na réamhfhéachana ag Proiméitéas agus go bhfuil a fhios aige cad a tharlóidh amach anseo, agus mar gheall air sin nach dteastaíonn an chomhairle uaidh.

**Plé, 20; Forbairt, 20; Meastóireacht ghinearálta, 10. (50 marc)**

(iv) Ba cheart d'iarrthóirí féachaint ar dhá cheist anseo, ar an gcéad dul síos rinne seisean coireanna nach raibh an crochadh féin mar dhóthain pionóis dóibh agus freisin, a charachtar sula mbíonn an fhírinne aige agus ina dhiaidh sin, toisc gurb é an bealach a láimhseálann sé an méid a chloiseann sé

cuid den chúis go bhféachaimid air mar laoch. Is féidir an chéad phointe a phlé go tapa agus ní theastaíonn achoimrí fada ar an bplota anseo ach caithfidh iarrthóirí a bheith soiléir faoin méid a rinne sé agus cén fáth a bhfuil sé chomh huafásach. I measc na ngnéithe a d'fhéadfaí a áireamh i bplé ar a charachtar tá siad seo a leanas: a dhílseacht dá mhuintir agus chomh toilteanach is a bhí sé rud ar bith a dhéanamh chun cabhrú leo; an luas, an éirim agus an diongbháilteacht lena n-oibríonn sé thar ceann a mhuintire agus a ndílse dó; chomh haonarach is a bhíonn sé dírithe ar a chúram, é i gcónaí dírithe ar leas an phobail, ag diúltú fiú dá bhanchéile áitiú air gan dul níos faide; an chaoi a nglacann sé go bhfuil sé féin ciontach gan aon leithscéal a dhéanamh; an pionós uafásach a thugann sé dó féin ina dtaispeánann sé misneach fisiceach mór – pionós i bhfad níos measa ná mar a thabharfadh aon duine dó; a ghrá leanúnach dá chlann agus mar a chaoin sé iad; a uaisleacht fiú nuair atá sé basctha go hiomlán. Mar sin féin tá scóip éigean ann a rá go ndearna Éideapús na coireanna sin de neamhthoil agus gur searbh an rud é a rá gur "coireanna iad nach raibh an crochadh féin mar dhóthain pionóis dóibh".

**Plé, 20; Forbairt, 20; Meastóireacht ghinearálta, 10. (50 marc)**

## Topaic 6. An Epic Ársa.

(i) Ní mór d'iarrthóirí a thaispeáint go bhfuil cur amach maith acu ar an dá charachtar. Tá a fhios ag cách gurb é an bás atá i ndán don bheirt fhear faoi lámh na laochra (Cúchulainn agus Aeinéas). Troideann an bheirt i gcomhrac aonair agus maraítear an bheirt. Tá onóir phearsanta le brath ón mbeirt fhear. Is cóir ómós agus meas a thaispeáint dóibh. Mar sin féin, is féidir níos mó a rá faoi charachtar Turnus ná Fheardia. Is é Feardia an cara dílis, é beagnach mar a bheadh deartháir ag Cúchulainn. Fiú nuair a fheiceann tú iad ag cóiriú créachtaí a chéile, rachadh sé i gcion ort. Is í an ghné is tábhachtaí faoi Fheardia ná gur fhás sé aníos le Cúchulainn agus gurb eisean a mharaigh é mar gheall ar chleas gránna. Tá réimse saintréithe níos forbartha ag baint le Turnus. Úsáideann Veirgil samhlacha láidre (mullán/bolcán/leon) chun cur síos a dhéanamh ar a charachtar cróga paiseanta. Is fear ar mhúnla Hóiméir é. Feicimid an cion mór atá aige ar Lavinia agus a mhórtas pearsanta, a chrógacht le linn troda agus na cáilíochtaí ceannaireachta atá aige. Is í an Chinniúint a chuireann dá dhroim é agus toisc gur ghabh sé crios-claímh Phallas. Nuair a fhaigheann an bheirt fhear bás, tá trua ag an léitheoir dóibh ar chúiseanna éagsúla.

**Plé, 20; Forbairt, 20; Meastóireacht ghinearálta, 10. (50 marc)**

(ii) Is iad an grá agus an ceartas na mórthéamaí i ndán eipiciúil Hóiméir, dá bhrí sin beifear ag súil go gceanglóidh iarrthóirí iad le plota na heipice. Is dóigh go bhféachfaidh iarrthóirí ar gach téama as féin. An grá ar dtús: Is iad na príomhghnéithe anseo ná dílseacht mhór Odaiséis dá bhanchéile, Péinealaipé agus dá mhac, Telemachus. Is fada leis go bhfeicfidh sé arís iad agus triaileann sé gan scíth filleadh ar Ithaca; diúltaíonn sé fiú do neamhbhásmhaireacht a thairgeann Cailíopsó. D'fhéadfadh iarrthóirí an pointe a dhéanamh gurb amhlaidh, cé go mbíonn mná eile ag Odaiséas, nach cosúil go mbíonn aon tionchar aige sin ar an ngrá atá aige dá bhanchéile. Taispeántar an cion atá ag Péinealaipé d'Odaiséas toisc go bhfuil sí dílis dó (sníonn sí taiséadach) agus sa chleas a bhí aici le cinntiú gurb é i ndáiríre atá tagtha ar ais. Taispeántar grá Thelemachus san aistear a dhéanann sé chun a athair a aimsiú agus sa troid in éineacht lena athair ag an deireadh. Téann an grá idir Odaiséas agus a athair, Laertes i gcion orainn freisin. Cineálacha eile grá a d'fhéadfaí a chur san áireamh anseo: na mná atá meallta ag ollásacht Odaiséis ach nach bhfuil in ann é a choinneáil (Cailíopsó, Circé, Nausicaa), d'fhéadfaí an grá atá ag an aoire muc dílis, Eomaes agus fiú amháin a mhadra, Argus a lua freisin. Ní bheadh aon locht ach an oiread an grá don bhaile a lua anseo. Maidir le ceartas: d'fhéadfaí tagairt a dhéanamh d'fhorógra Shéas ag an tionól ar Shliabh Oilimpeas maidir le ceartas agus iompar an duine e.g. cinniúint Aegisthus; suarachas na Suirígh agus mar a chaitheann siad le Péinealaipé, Telemachus agus an mhí-úsáid a thugann siad don phálás; sa deireadh, is deas go bhfaigheann siad gach atá tuillte acu sa deireadh; mar a chaitheann Poiséadón le hOdaiséas agus é ar thóir ceartais faoin gcaoi ar caitheadh lena mhac, d'fhéadfaí an Cioclóp a lua anseo; tá tábhacht freisin leis an nasc sa scéal idir fáilteachas agus ceartas; an té atá fial flaithiúil tá sé go maith, is iad an dream a bhaineann mí-úsáid as an

bhflaithiúlacht an dream atá míchneasta; teacht Aitéiné agus an ról a bhí aici gach rud a chur ina cheart ag an deireadh agus is leis sin a chuirtear deireadh leis an téama seo. D'fhéadfaí an ceartas a lua mar ghné sa scéal Cioclóip freisin áit a bhfágann aindleathacht Pholaiféamas agus gan fonn air maireachtáil i bpobal cóir é tréigthe agus cloíte ag an laoch sa deireadh thiar.

**Plé, 20; Forbairt, 20; Meastóireacht ghinearálta, 10. (50 marc)**

(iii) (a) Is í Véineas máthair Aeinéas. Impíonn sí ar Iúpatar i Leabhar 1 a rá gur caitheadh go héagórach leis agus gur séanadh a chinniúint air. I rith thitim na Traí áitíonn sí ar Aeinéas gan drannadh le Héilin agus insíonn sí go bhfuil an chathair ar tí titim ar aon nós faoi lámha na ndéithe. Áitíonn sí air imeacht freisin agus déanamh de réir mar a bhí leagtha amach dó ag an gcinniúint. Nuair atá an Afraic sroichte acu, tá sí faoi bhréagriocht mar bhansealgaire agus tugann sí chuig an gCartaig é, agus é cumhdaithe i mbrádán. Cuireann sí féin agus Cúipid iallach ar Dhíodó titim i ngrá le hAeinéas chun é a chosaint agus níos déanaí déanann sí cairdeas le hIúnó chun "pósadh" a shocrú idir Aeinéas agus Díodó. I Leabhar 6 tugann sí dhá cholm dó chun treoir a thabhairt dó chuig an gcraobh órga agus i Leabhar 8 cuireann sí iallach ar Bholcán, a fear céile diaga, cathéide agus arm a dhéanamh dá mac. Ar deireadh, sa chomhrac aonair idir Aeinéas agus Turnus, cabhraíonn sí leis. Tugann sí comhairle sheiftiúil dó cathair na Laidineach a ionsaí. Nuair a ghortaítear é tugann sí leigheas dó.

**Plé, 14; Forbairt, 14; Meastóireacht ghinearálta, 7. (35 marc)**

(b) Tá cion ag Véineas ar a mac Aeinéas agus triaileann sí cabhrú leis. Bíonn sé feargach léi toisc nach bhfuil aon aird aici air. Trí iallach a chur ar Dhíodó agus ar Aeinéas titim i ngrá le chéile, cuireann sí go leor anró air agus is mar gheall uirthi go hindíreach a fhaigheann Díodó bás.

**Dhá phointe. (8,7) (15 mharc)**

(iv) Taispeánann Odaiséas na cáilíochtaí a bhíonn ag laoch mór eachtraíochta san Odaisé. Is dóigh go ndéanfaidh iarrthóirí liosta de na cáilíochtaí sin agus d'fhéadfaí a áireamh leo: crógacht, diongbháilteacht; acmhainneacht; macántacht, dílseacht; carasma. Tá fianaise ar na cáilíochtaí sin (nó a leithéid), ina dhílseacht dá theaghlach agus don bhaile, sa chaoi ar chloígh sé an Cioclóp, ina iompar ag Phaeacia; ina chlisteacht i dtaobh na Siréanaí; sa chaoi ar chaith sé le hEomaes; sa chaoi ar thug sé aghaidh ar na Suirígh; sa chion atá ag daoine eile air; sa tionchar a bhí aige ar mhná; ina chlisteacht agus a chrógacht fhisiceach; agus sa chaoi go bhfuil an oiread sin ómóis ag na déithe air.

**Plé, 20; Forbairt, 20; Meastóireacht ghinearálta, 10. (50 marc)**

## Topaic 7. Scríbhneoirí na Tréimhse Ágastaí.

(i) (a) Beidh scrúdaitheoirí ag féachaint ar na príomhthéamaí a bpléann Óivid leo le tacaíocht trí thagairt do dhánta dualgais. Is dóigh gurb é an príomhthéama ná na mná agus an cineál grá is féidir a fheiceáil in *The Art of Love* ina bpléann sé le laigí an ghrá, chomh guagach agus chomh santach a bhíonn na mná. In *Misery in Exile,* is é a dheoraíocht ón Róimh an príomhábhar imní atá ag Óivid agus é mar a bheadh sé curtha i dtalamh gan rath i bhfad ó bhaile áit nach bhfuil sé fiú in ann filíocht a scríobh i gceart. Tá sé tógtha freisin leis an saol maith agus le suáilce rud is féidir a fheiceáil in *Baucis and Philemon* ar dán an-mhoráltaíoch é. Anseo tugann sé ardmholadh do mhaitheasa agus do shimplíocht an tsean-lánúin agus an cineál saoil a chaitheann siad, iad cineálta, agus sásta gan aon mhaoin an tsaoil.

**(b) Trí phointe fhorbartha. (10,10,10) (30 marc)**

(b) Is féidir aon cheann de dhánta dualgais Óivid a úsáid anseo chomh fada is go bhfuil tuiscint réasúnta maith ar an téama, dhá chúis mhaithe gur roghnaíodh é agus cúpla tagairt do théacs an dáin mar thaca leo.

**Dhá chúis. (10,10) (20 marc)**

(ii) Ba cheart go mbunódh iarrthóirí a gcuid freagraí go príomha ar na dánta a bhaineann le Sointia (*Gone, Gone to Clitumnus, Cynthia is Dead, Cynthia*). Mar sin féin féadfaidh siad tagairt do dhánta eile dá chuid freisin mar ábhar tacaíochta breise. Ba cheart d'iarrthóirí an dá cheist a phlé (a choimhlintí le Sointia agus an chaoi a mbíonn sé in iomaíocht léi). Tugtar an léiriú is fearr den chaidreamh luaineach a bhí aige le Sointia in *Cynthia* ina dtaispeántar gnéithe d'fhoréigean gnéasach chomh maith le coimhlint mhothúchánach. Is léir anseo go bhfuil sé i gcónaí ar thóir rud éigin agus nach bhfuil sé socair ann féin rud a mbíonn rachtanna foréigin ag tarlú dá mbarr. Is léir in *Gone to Clitumnus* go bhfuil sé in éad leis an aird a fhaigheann sise ó leannáin eile a d'fhéadfadh a bheith aici agus is léir go santaíonn sé í freisin. Is léir in *Two Requests* go bhfuil sé an-tógtha leis an ngrá, ach mar rud a chuireann pian air i gcónaí ("tusa a rugadh chun mé a ghortú") ina dtaispeántar gur foinse pléisiúir é an grá dar le Proipeirtias ach go dtiocfaidh pian as freisin. Measann sé go bhfuil sé ceart go leor go mbeadh buachaillín beag dána le saighead is bogha i gceannas ar chúrsaí grá, arb foinse pian é. Rachadh a chuid caointe do Sointia in *Cynthia Is Dead* go croí ionat agus taispeántar dúinn a thaobh dorcha, duairc. Measaimid, ina cháil mar leannán, gur duine dúghafach, sealbhach é, a bheadh deacair a shásamh agus an-achrannach.

**Plé, 20; Forbairt, 20; Meastóireacht ghinearálta, 10. (50 marc)**

(iii) I measc na sleachta ábhartha a d'fhéadfaí a áireamh: *Preface*; *The Sabine Women; Horatius on the Bridge; Class Warfare; Cannae*. Ba cheart go bpléifí leis as tírghrá agus an misneach araon iontu. Is léir tírghrá Livias ina *Preface*, creideann sé go daingean gurb é an Róimh an náisiún is fearr ar domhan. Nascann sé é sin le suáilcí na tíosaíochta agus na simplíochta. Leagann sé síos é sin i gcoinne lobhadh morálta na sócúlachta agus an tsaint a mheasann sé a dhéanann díobháil don tírghrá a rinne cathair bhreá den Róimh san am atá caite. Is sampla é *Sabine Women* de dhánacht Romalais ar mhaithe le cathair na Róimhe. Is dóigh gurb é *Horatius on the Bridge* an sampla is fearr de mhisneach agus de thírghrá sa mhéid is go dtugann gníomh misniúil an laoich an chathair slán; déanann a naimhde fiú iontas dá laochdhacht. Taispeánann scéal Mennenius Agrippa agus an míniú cliste a thug sé do na pleibigh ar an ról a bhí acu sa stát an luach a chuirtear ar fhéiníobairt ar mhaith le leas gach duine agus an tsuáilce a bhaineann le hachrann sibhialta a réiteach trí dhul i mbun cainte in ionad na coimhlinte. Taispeánann gníomhartha Paulus ag Cannae gurb é meon na foirne ar cheart dúinn meas a bheith againn air (tá a fhios ag Paulus gur botún é dul i mbun troda ach tá a fhios aige nach féidir leis a chomrádaithe a thréigean). Is ceart féachaint ar sheasamh cróga Paulus, áit a ndiúltaíonn sé é féin a shábháil agus ina bhfaigheann sé bás lena chuid féar, agus comparáid a dhéanamh idir é agus claidhreacht bhromúdarásach Varro. Is léir go bhfuil ardmheas ag Livias ar an gcrógacht agus ar an tírghrá thar aon ní eile.

**Plé, 20; Forbairt, 20; Meastóireacht ghinearálta, 10. (50 marc)**

(iv) (a) Feicimid taobh spraíúil Veirgil anseo in oscailt an dáin, Silenus: i dtámchodladh óil mar gheall ar bharraíocht spraoi an oíche roimhe sin, tagann roinnt satairí air agus úsáideann siad a fhleasc chun é a cheangal agus giall a dhéanamh de. Péinteálann siad a éadan le caora. Is é a bhfuascailt an seisiún scéalaíochta atá geallta aige dóibh le fada an lá. Ligeann Silenus air féin go bhfuil sé ar buile, ach leanann sé dá scéal, le double entendre faoi luach saothair a thabhairt don nimfeach "ar a rogha bealaigh". Rud ábhartha anseo freisin is ea an úsáid a bhaineann Veirgil as friotal agus as an ngreann atá le sonrú tríd síos sa sliocht seo.

**Dhá phointe fhorbartha. (8,7) (15 mharc)**

(b) Tá an grá atá ag Veirgil don dúlra le feiceáil ina chuid dánta go léir ar an gcúrsa. Ba cheart d'iarrthóirí tagairt a dhéanamh do thrí cinn dá chuid dánta ar a laghad anseo. Is iad na cinn is soiléire ná *A Farmer's Calendar* ina leagann sé amach cad a dhéanann an dea-fheirmeoir gach séasúr, i measc na n-íomhánna is féidir a úsáid anseo tá duine ina chodladh faoi na crainn le hais na habhann i dteas an tsamhraidh; seilg torc agus giorriacha sa gheimhreadh, piocadh torthaí san fhómhar agus casadh na fíniúna timpeall ar na craobhacha agus an cur síos beoga a dhéanann sé ar stoirm fhiáin. In *Rustic Happiness*, déanann Veirgil comparáid idir saol uafásach na cathrach agus glaineacht agus sonas shaol na tuaithe, saol a ndéanann sé cur síos air mar cheann níos sona agus níos ionraice ná truailliú na cathrach, agus nasctha leis sin tá an bhá a bhíonn ag an bhfeirmeoir leis an dúlra. Fiú amháin sa chur

síos a dhéanann sé ar an domhan thíos [*Underworld*], feicimid an cion atá aige ar an dúlra go háirithe sna samhlacha d'anamacha na marbh, ar nós bileoga an fhómhair nó éin ar imirce agus in *Orpheus and Eurydice* is fuar sceirdiúil an cur síos a dhéanann sé ar áilleacht lom na talún trína dtéann Orpheus ar seachrán. In *Birth of the Saviour*, déanann sé cur síos ar áit tuaithe atá galánta ach álainn le caoirigh ildaite, lilí sna páirceanna agus leoin ina luí le heallach. Is féidir iad sin ar fad a lua, ach tá níos mó ábhair in *Rustic Happiness* agus *A Farmer's Calendar* chun an cion atá aige ar an dúlra a léiriú. Ba cheart go mbeadh iarrthóirí in ann sampla a thabhairt de roinnt íomhánna sonracha a úsáideann Veirgil chun an cion atá aige ar an dúlra a thaispeáint agus chomh héifeachtach is atá an cur síos a dhéanann sé.

**Plé, 14; Forbairt, 14; Meastóireacht ghinearálta, 7.** **(35 marc)**

## Topaic 8. An Ealaín agus an Ailtireacht i Sochaí na Gréige.

(i) (a) An Partanón **(8)** ar an Acrapolas **(2)** san Aithin **(3)** **(10 marc)**

(b) An tOrd Dórach **(5 mharc)**

(c) Úsáideadh marmar as Sliabh Pentelicus **(3)** ar an bhfoirgneamh agus tíleanna marmair phairianaigh ar an díon.**(2)**
Is as aolchloch a bhí an bhunsraith déanta. **(2) in ionad an 2 eile.** **(5 mharc)**

(d) Tá 8 gcolún air ar leithead agus 17 ar gach taobh, rud neamhghnách. Is amhlaidh a bhí ionas go mbeadh áit ann don dealbh ollmhór óir agus eabhair d'Aitéiné sa *naos.* Tá *pronaos* agus *opisthodomos* ann, seomra cúil nó taisce. Tá an gnáthord Dórach air: colúin díreach ar an stíleabáit, cuisliú, echinus clasaiceach a bhfuil básta air agus abacas, imchásáil gan phatrún agus ansin na *mutule, regula, taenia*, fríos Dórach déanta de mheatóip agus de thriglifí ailtéarnacha, agus an choirnis ar claon agus chothrománach. Bhí an díon críochnaithe le tulfheistiú bunsileáin agus 6 cinn de *acroteria*. I measc na ngnéithe iontacha sa teampall tá: an úsáid a bhaintear as cóimheas 9:4 ar fud an fhoirgnimh (e.g. fad le leithead/leithead le hairde); an cuar ar fud an fhoirgnimh ó thaobh go taobh agus ó thosach go cúl; an chaoi a luíonn na colúin isteach agus an iontáis nó an cuar dhá thrian den bhealach suas gach colún. I measc na ngnéithe iontacha eile tá dhá ghné ianacha (an fríos leanúnach taobh istigh den chuasán faoi thacaíocht colún) agus ceithre cholún Ianacha sa seomra cúil; gurb amhlaidh go bhfuil gach ceann de na 92 mheatóip snoite le radharc comhraic aonair, agus na dealbha saorsheasaimh breátha ar na peidiméidí. Fágann caighdeán na deilbhe agus an mhéid dealbh atá ann, go háirithe an fríos rilífe faoi leith atá air, gur teampall faoi leith é. Tá cur síos ar cad a fheictear sna rilífí ábhartha don cheist freisin.

**Cur síos comhleanúnach. (10,10,10)** **(30 marc)**

(ii) (a) Is crúsca (*oinochoe*) é **(5)** agus bhíodh sé in úsáid le haghaidh fíona **(5).** **(10 marc)**

(b) Rinneadh é i gCoraint **(10 marc)**

(c) Is gnáthmhaisiú Corantach atá air sa mhéid is go bhfuil an phéintéireacht an-ghalánta "fhíneálta" i bhfríosaí thart timpeall ar an vása. Tá cuma réadúil agus cruinn go leor ar na hainmhithe, agus cuma bheo bhríomhar orthu (e.g. an fia ar innilt) i gcomparáid leis na figiúirí stílithe a bhí ann níos luaithe. Úsáidtear líníocht imlíne, scáthchruth agus greanadh. Úsáidtear bán agus dearg mar dhathanna breise agus dath dubh ar na hainmhithe. Is cúlra geal *terracotta* atá in úsáid. Tá ornáidíocht dheimhneach ann a thabharfadh stíl an Oirthir chun cuimhne agus cumhdaítear an dromchla le patrúin chasta bláth, róisíní agus poncanna ag líonadh isteach na spásanna idir na hainmhithe. Is díreach dath dubh atá ar bharr an *oinochoe*, ach an oiread leis an hanla, agus tá dearadh an bhoinn mar a bheadh bladhm réalta ann.

**Cur síos comhleanúnach. (10,10, 10)** **(30 marc)**

(iii) (a) Seo córae**(5)** ón tréimhse ársa dheireanach 540-480 R.Ch.**(5)** **(10 marc)**

(b) Seo a leanas gnéithe na deilbhe, ar a bhfuil an leasainm "súile almóinne" a fhágann gur gnáthdhealbh ón ré sin é: Tá sí i staidiúir ársa an-socair le gnéithe stílithe ach tá roinnt gnéithe nua-aimseartha ag baint léi lena n-áirítear an cúram a dhéantar do na fabraicí éagsúla sa chiotón (in íochtar agus craptha) agus an *himation/*fhallaing (clóca trasnánach déanta as éadach trom); is furasta a aithint ar na fillteacha éagsúla agus an éadaitheoireacht thriopallach gurb ón ré ársa dhéanach; gné eile den ré ársa dhéanach is ea an aghaidh níos réadúla, le súile slogtha agus cnámha grua comhrianaithe dea-bhraite; níl a liopaí sa mheangadh ársa caighdeánach a bhíodh le sonrú i ré ní ba luaithe ach iad sách réadúil; agus rud eile a bhí caighdeánach sa tréimhse ná a cuid gruaige ornáidí agus fíneálta, í ina carn chun tosaigh agus í ag titim anuas, scaipthe amach ar a guaillí. Cruthaítear imprisean de ghalántacht fhíneálta. Bheadh dathanna saibhre orthu.

**Cur síos comhleanúnach. (10,10,10)** **(30 marc)**

(c) Taispeántar meascán álainn de stíliú agus den nádúrachas ar an bhfíor seo. Is léir cinnte go bhfuil sí ársa leis an seasamh docht atá aici agus leis an amharc righin chun cinn atá aici, ach bogann gnéithe den nádúrachas a dreach i gcomparáid, cuir i gcás, leis an *Berlin Kore* nó an *Maid of Auxerre* (ba cheart go mbeadh iarrthóirí in ann í a chur i gcomparáid le córae níos luaithe le taispeáint go bhfuil siad in ann na difríochtaí a fheiceáil, sa chuid seo den cheist nó in (b)). Tá a haghaidh comhrianaithe agus cuma réalaíoch go leor uirthi agus is sampla iad na meáchain éagsúla atá i bhfillteacha na héadaitheoireachta go bhfuiltear ag iarraidh cuma chomh réadúil agus is féidir a chruthú. Mar sin is meascán álainn den rud foirmiúil agus den rud nádúrtha í, ag aistriú ó ré amháin go dtí ré eile. Rud a d'fhéadfaí a lua anseo freisin ná dealbh níos déanaí de bhean le taispeáint go bhfuil a fhios ag iarrthóirí conas a d'fhorbair stíleanna dealbhóireachta as sin amach.

**Dhá phointe. (5,5)** **(10 marc)**

(iv) (a) *The Dying Gaul* **(5)** a rinneadh ag Pergamon.**(5)** **(10 marc)**

(b) An Tréimhse Heilléanaíoch (330 – 100 R.Ch.) **(5 mharc)**

(c) Is gnáth-dhealbh Heilléanaíoch é seo ar gach bealach. Ar an gcéad dul síos, ní hionann ábhar na deilbhe agus gnáth-dhealbha ó réanna roimhe sin. Taispeántar duine nach as an nGréig dó. Is cinnte gur Gallach é, tá sé ard, torc á chaitheamh aige agus croiméal air mar a bhíodh ar na Ceiltigh an tráth sin mar aon le folt dubh bealaithe agus é cíortha siar. Tá sé ag fáil bháis freisin, gnáthrud sa stíl Heilléanaíoch d'fhonn mothúcháin a léiriú agus an bhéim mhór a chuirtear ar dhrámaíocht. Is ar éigean atá an cholainn, agus é díreach ar tí titim, ina sheasamh suas ar lámh amháin agus é gar dá bhás. Tá na géaga snoite i sonraí an-réadúil go deo, fiú na féitheacha le feiceáil, tá sé traochta agus is léir ón gceann cromtha, ach é uasal, go bhfuil a chosa nite. Tá brú agus tuirse le sonrú ina aghaidh, ach is laoch cloíte é. Léiríonn a adharc tréigthe an ról a bhí aige sa chath. Tá an lúbarnaíl agus an phian sa cholainn agus san aghaidh, dráma agus corraíl an radhairc agus an rogha éagsúil a dhéantar (i.e. duine nach as na nGréig dó) go léir tipiciúil den tréimhse.

**Míniú ar thrí ghné. (12, 12, 11)** **(35 marc)**

## Topaic 9. An Fealsamh sa tSochaí: Staidéar ar Shócraitéas agus ar Phlatón.

(i) (a) Áirítear leis na scéalta a roghnaítear aon scéal a mbíonn cruthú dea-charachtair i leanbh mar thoradh air. Ba cheart go mbeadh teagasc morálta sna scéalta agus go bhfeicfí luach saothair as dea-ghníomhartha. Níor cheart go mbeadh aon eagla roimh an gcontúirt ná roimh an mbás. Ba cheart go gcruthófaí intinn leanaí le haghaidh aon chuspóir amháin, leas an stáit a bhaint amach. Mar sin teastaíonn scéalta maidir le déithe agus laochra a bheith á n-iompar féin mar ba cheart dóibh, mar atá sna scéalta faoi Hóiméar agus Héisiad atá ar eolas ag các. Ba cheart go spreagfadh na scéalta seo an chrógacht. Ba cheart go gcuirfí cosc ar gach scéal a léiríonn na déithe i mbun coireanna nó doghníomhartha. Níor cheart go dtaispeánfaí iad i mbun caimiléireachta, insint bhréige nó aimhleasa.

Ina theannta sin, níor cheart go léireofaí laoch ar bith agus eagla air nó uirthi roimh an mbás nó iad i mbun iompraíocht mhíchuibhiúil (gáire neamh-mheasartha ar bith!) Níor cheart go mbeadh scéalta ann ina dtugtar luach saothair as doghníomhartha a dhéanamh. Níor cheart cead a thabhairt do scéalta ach oiread a chuireann eagla ar pháistí roimh an mbás de thoradh pictiúir ghruama nó scanrúla den Domhan Thíos. Is furasta dul i gcion ar leanaí óga; fanann an rud a fhoghlaimíonn siad leo agus is iad na rudaí sin a fhorbraíonn a n-intinn agus a gcarachtair. Má chloiseann siad faoi dhéithe agus faoi laochra á n-iompar féin mar atá sna scéalta aitheanta maidir le Hóiméar agus Héisiad, ceapfaidh siad féin go bhfuil sé inghlactha an rud céanna a dhéanamh. Ní mór do chaomhnóirí a bheith cróga agus gan faitíos a bheith orthu roimh an mbás.

**Míniú ar dhá phointe. (8, 7)** **(15 mharc)**

(b) Tá oideachas ann chun an intinn a fhorbairt agus carachtair ar mhaithe le leas an stáit. Is furasta dul i gcion ar leanaí óga; is iad na rudaí a fhoghlaimíonn siad a fhorbraíonn a n-intinn agus a gcarachtair. Má chloiseann siad faoi dhéithe agus laochra i mbun drochiompraíochta, ceapfaidh siad go nglacfar le drochiompar uathu féin. Ní mór do chaomhnóirí a bheith cróga agus gan faitíos a bheith orthu roimh an mbás.

**Trí phointe. (9, 8, 8)** **(25 marc)**

(c) D'fhéadfadh na hiarrthóirí aontú nó easaontú leis an gceist a fhad agus a thugann siad tacaíocht dá n-argóint le cúiseanna maithe.

**Pointe cruthaithe amháin.** **(10 marc)**

(ii) (a) Dar le Platón gurb é an t-aon difríocht amháin an-tábhachtach atá idir fir agus mná ná go dtugann mná leanaí ar an saol agus nach dtugann fir. Dá bhrí sin, dar leis, níl aon chúis i ndáiríre nach gcuirfí oideachas iomlán ar na mná, nach mbeidís in ann rannchuidiú leis an stát ar an mbealach céanna agus na poist chéanna a bheith acu tríd is tríd. Luann sé gur cheart go dtabharfaidís faoi oiliúint fhisiciúil le chéile ach tuigeann sé ar ndóigh go bhféadfadh roinnt gáire a bheith ann ar dtús. Mar sin féin, deir sé gurb amhlaidh, go ginearálta, go ndéanfaidh fir a gcuid dualgais níos fearr ná mar a dhéanann mná. Bunaíonn sé a argóint ar an bhfaire a dhéanann sé ar mhadraí cosanta, idir chinn fhireann agus bhaineann. Ní bhíonn tionchar ag inscne dhifriúil ar an gcaoi a dhéanann duine rud éigin. Ar an gcaoi chéanna ní dhéanann fir atá maol nó fir a bhfuil gruaig fhada orthu cúraimí ar aon bhealach atá difriúil óna chéile.

**Trí phointe. (9, 8 ,8)** **(25 marc)**

(b) Níl siad cothrom ar gach bealach. Tugann mná leanaí ar an saol, gineann na fir iad. Is cosúil go nglacann Platón leis gurb amhlaidh, taobh istigh de gach catagóir, go bhfuil na fir níos fearr ná na mná agus tá an cheist ann freisin maidir le láidreacht fhisiciúil níos fearr. Mar sin, níl léirítear comhionannas iomlán ar gach bealach anseo in aon chor.

**Dhá phointe. (10, 5)** **(15 mharc)**

(c) D'fhéadfadh iarrthóirí aontú nó easaontú a fhad is go bpléann siad argóintí Shócraitéas agus go dtugann siad tacaíocht dá gcuid tuairimí féin. I measc na bpointí follasacha d'fhéadfaí a lua gur beag post a bhfuil srian air ó thaobh inscne sa lá atá inniu ann, seachas cinn lena ngabhann saothar an-fhisiciúil agus tá neart samplaí de mhná a bhfuil ag éirí thar cionn leo i ngach réimse den saol.

**Dhá chúis. (5,5)** **(10 marc)**

(iii) Ar an gcéad dul síos, is gá d'iarrthóirí a léiriú go dtuigeann siad an dílseacht thar cuimse a bhí ag Díón óg do Phlatón agus dá smaointe fealsúnachta agus an fonn a bhí air iad a chleachtadh ina Shioracús dúchasach. Go deimhin, thriail Díón déanamh de réir fhealsúnacht Phlatón ar go leor bealaí: Rinne sé gach iarracht cur ina luí ar Dhinísias I agus ar Dhinísias II rialú de réir phrionsabail Phlatóin; Ní raibh uaidh ach an rud ab fhearr dá chathair agus dá daoine agus nuair a d'éirigh leis filleadh mar cheannaire go Sioracús, sheachain sé aon chineál tíorántachta agus rinne sé iarracht rialú go críonna in ainneoin ruais uafásach mhuintir Shioracús agus an droch-chaoi ar chaith siad leis; Chuir sé a oiliúint fhealsúnachta i bhfeidhm "ag sárú feirge, éada agus spiorad na hiomaíochta," agus thug sé maithiúnas do Heraclides; Mhair sé saol uasal baileach (beagnach mar a d'ordaigh Platón in *The Republic*). An t-aon cháineadh atá ag Platón (agus Plútarc) ar Díón ná a spiorad uaisleachta stóinsithe. Chaith sé saol

stuama ach ba dhuine ceartaiseach a bhí ann agus ní raibh drogall air a rá nár thaitin iompar scaoilte daoine eile leis, rud a chuir daoine ina aghaidh go héasca.

**Plé, 20; Forbairt, 20; Meastóireacht ghinearálta, 10.** (**50 marc**)

(iv) (a) Féadfaidh iarrthóirí plé le moltaí Shócraitéas iad siúd a roghnú a bhfuil an cumas acu rialú, ar a nglaonn sé Gardaí, agus féadfaidh siad ansin féachaint ar an idirdhealú idir na Gardaí a roghnófar le bheith ina Rialaitheoirí agus iad sin a fhanfaidh mar Shaighdiúirí Cúnta mar seo a leanas: Dearbhaíonn an fealsúnaí nach mór ina stát idéalach go ndéanfaí idirdhealú idir iad sin a rialóidh agus iad sin a ndéanfar rialú orthu. Ní mór iad sin a bheidh ag rialú a bheith ar na rialaitheoirí is fearr agus is fíréanta, díreach mar atá na scileanna feirmeoireachta is fearr ag na feirmeoirí is fearr. Ní mór údarás a bheith acu siúd is sine ar an dream is óige. Is iad na gardaí is fearr an dream atá éirimiúil agus ábalta, a bhfuil an scil is mó acu cúram a dhéanamh do leas an stáit agus a bhfuil cúram acu maidir leis na leasanna sin toisc go ndéanann daoine an cúram is mó don rud is ansa leo féin. Tá Sócraitéas cinnte go bhfuil an cion is mó bunaithe ar phobal leasanna nuair a mhothaíonn daoine go bhfuil a ádh agus a mí-ádh féin ceangailte suas go hiomlán le rath agus mí-ádh duine éigin eile. Ó na chéad bhlianta, ní mór gardaí ionchais a fhaire go géar agus ba cheart tascanna a leagan síos dóibh agus go bhfuil baol níos mó ann agus iad á ndéanamh sin go ndéanfaidh siad dearmad nó go gcuirfear ar seachrán iad ón bprionsabal sin. Ní fhéadfar a roghnú mar rialaitheoirí ach iad sin nach ndéanfaidh dearmad agus nach mbeifear in ann a chur ar seachrán go héasca. Ní mór freisin pian agus fulaingt a thabhairt do na daoine seo a d'fhéadfadh a bheith ina rialaitheoirí chun fáil amach conas a rachaidh rudaí mar sin i bhfeidhm orthu. Ar deireadh, ní mór féachaint ar mar a théann bolscaireacht i bhfeidhm orthu. Nuair atá siad óg, ní mór eagla a chur ar Ghardaí agus deiseanna pléisiúir a thabhairt dóibh freisin, agus iad a chur faoi thástáil níos géire ná mar a chuirtear ar ór agus ar airgead san fhoirnéis.
Molann Sócraitéas freisin go dtógfaí an miotas iontach a rachadh i bhfeidhm ar an bpobal go léir, lena n-áirítear na Gardaí iad féin. D'fhéadfaí cur síos gearr ar an miotas a úsáid chun an pointe a léiriú. Níos déanaí sa phlé molann Sócraitéas conas an tríú haicme, an aicme dheiridh, den tsochaí chóir a roghnú: Rialaitheoirí. Déantar an grúpa ar ar glaodh gardaí go dtí seo a dheighilt. Roghnófar na daoine is fearr ón ngrúpa seo mar rialaitheoirí, agus anois glaofar "gardaí" orthu, agus beidh an chuid eile mar laochra agus tabharfar "saighdiúirí cúnta" orthu, toisc gurb é an ról atá acu cabhrú le rialaitheoirí trína gcuid cinntí a chomhlíonadh agus a atreisiú. D'fhonn a chinntiú go roghnófar na rialaitheoirí i gceart, déantar faire ghéar ar na gardaí óga go léir. Caitear tástálacha éagsúla a chur orthu trína ndéanfar amach cé acu a sheasfaidh dílis don chathair. Cuirtear cúiseanna eagla agus pléisiúir éagsúla os a gcomhair, rudaí atá ceaptha iad a mhealladh nó iad a chur óna gcuid tuairimí le teann eagla. Leanfaidh an dream is fearr a n-éireoidh leo sna tástálacha sin ar aghaidh chuig foirmeacha oideachais níos airde a ullmhóidh iad le dhul ag rialú. Cuirfidh an chuid eile, a bheidh ina laochra, deireadh lena gcuid oideachais san áit ar chríochnaigh Sócraitéas.

**(b) Trí phointe fhorbartha. (9,8,8)** **(25 marc)**

(b) D'fhág an cineál saoil a chaith siad nár cheart go mbeadh aon mhaoin ag aon duine acu thar mar a bhí go hiomlán riachtanach agus nár cheart go mbeadh teach príobháideach acu ach an oiread. Níor cheart a bheith acu ach soláthairtí an-bhunúsach, iad sin a theastaíonn ó laochra oilte, ar fir chróga iad a thagann leis an mbeagán. Ba cheart dóibh a aontú go bhfaighidh siad ráta seasta pá ó na saoránaigh, a ndóthain chun costais na bliana a ghlanadh agus sin an méid. Ba cheart dóibh dul chuig beairic agus maireachtáil le chéile mar a bheadh saighdiúirí i gcampa. Níor cheart go mbeidís ina n-úinéirí ar airgead nó ór ná bheith i dteagmháil leo ionas nach mbeidh aon chineál caimiléireachta ar bun acu. Scriosfadh úinéireacht ar mhaoin phríobháideach a ndílseacht don stát agus chiallódh sé nach gcuirfidís an stát chun tosaigh, ach go mbeidís páirteach i ndíospóidí inmheánacha, rud a chuirfeadh an stát i mbaol. Maidir le cibé an n-oibreodh sé sin sa saol i ndáiríre, d'fhéadfadh iarrthóirí aontú nó easaontú leis sin a fhad is go dtacaíonn siad lena gcuid smaointe. I measc na bpointí follasacha d'fhéadfaí iad seo a leanas a áireamh: ar a shon – reáchtáladh stáit ar an mbunús sin cheana, go mór mór Sparta sa saol ársa áit a raibh cónaí ar na fir i mbeairicí agus nach raibh aon ghnáthshaol ag an teaghlach. Sampla eile ná an t-idéal cumannach a chuirfeadh deireadh le gach maoin phríobháideach ar mhaithe leis an stát. Ina choinne – d'fhéadfaí an argóint a dhéanamh gur mian bhunúsach a bhíonn ag an duine cónaí in éineacht le teaghlach le páirtí agus a gcuid leanaí féin a thógáil. Is fearr le formhór na

sochaithe freisin maoin phríobháideach a bheith acu féin agus a bheith ina gcónaí ina dteach féin. Tá an stíl mhaireachtála a mholtar anseo an-draganta agus an-ghéar agus ní cheadaítear aon phearsantacht ar leith nó aon rogha; d'fhéadfadh réabhlóid briseadh amach dá bharr.

**(b) Trí phointe fhorbartha. (9,8,8) (25 marc)**

## Topaic 10. Ealaín agus Ailtireacht na Rómhánach.

(i) (a) a – teampaill **(3)**
d – amharclann **(3)**
e – amfaitéatar **(3)**
ff- *decumanus* **(3)**
gg- *cardo* **(3)** **(15 mharc)**

(b) Seo *colonia* nó coilíneacht, arna bhunú ag Ágastas in 25 R.Ch. le haghaidh saighdiúirí a bhí ar scor ón nGarda Praetóireach gar do bhun Mt Blanc. Ba é an chúis go raibh sé suite anseo ná go raibh sé ar an teorainn áit a raibh fadhbanna slándála go háitiúil.

**Dhá phointe. (8,7) (15 mharc)**

(c) Ba cheart go mbeadh iarrthóirí in ann oibriú amach gur baile é seo a bhí leagtha amach agus eagraithe go maith. Bhí bloic thithe chearta agus sráideanna díreacha ag saoránaigh. Bhí ceird mhaith acu mar go raibh stórtha agus áit mhargaidh acu. Bhí neart siamsaíochta acu freisin toisc go bhfuil amfaitéatar ann le haghaidh na gcluichí, agus folcadáin phoiblí agus amharclann le haghaidh drámaí. Chleacht siad creideamh poiblí mar tá teampaill ar an mbaile. Is dóigh go raibh fadhb le slándáil toisc go bhfuil an amfaitéatar taobh istigh de bhallaí an bhaile, rud neamhghnách.

**Trí phointe. (7,7,6) (20 marc)**

(ii) (a) Is í an ócáid atá á ceiliúradh anseo ná bua an impire Títeas **(3)** tar éis dó Iúdáia a chló **(7).** **(10 marc)**

(b) Cé go bhfuil doimhneacht éigin le braistint sa dealbhóireacht rilífe seo (na capaill ag dul ar gcúl ar uillinn, na sleánna sa chúlra agus go bhfuil roinnt fíoracha níos faide ó bhaile ná cinn eile) níl an pheirspictíocht go hiomlán réadúil sa mhéid is go bhfuil na carachtair go léir sa dealbh i ró néata, agus níl cuma an-réadúil ar na capaill ach an oiread. Tá siad le feiceáil i líne néata ar an uillinn mhícheart chun an carbad a tharraingt. Tá fíoracha an impire agus *Victory* curtha i láthair go foirmiúil freisin agus níl a seasamh réadúil. Déantar iarracht sa dealbh an radharc a fheiceáil ón tosach agus ón taobh ag an am céanna rud nach n-oibríonn tríd is tríd.

**Trí phointe. (7,7,6) (20 marc)**

(c) Is píosa dealbhóireacht rilífe an-difriúil é seo le hais an Ara Pacis a rinneadh i bhfad roimhe sin. Tá thart ar 90 bliain eatarthu. Is é an difríocht is mó anseo ná go bhfuil cultas an impire forbartha. Is deacair Ágastas a aithint ar an Ara Pacis. Ní bhíonn sé pioc níos feiceálaí ná aon fhíor eile. Ar phainéal Áirse Thítis, tá Títeas sa lár agus é ar an bhfíor is airde, níos airde fiú ná *Victory* atá ag cur na corónach air. Is léir nach bhfuil an oiread tábhachta leis na fíoracha eile agus ní cosúil go bhfuil aon cheann díobh ar a suaimhneas. Léirítear Títeas i measc déithe ar an bpainéal sin ach tá saol Ágastas i ndáiríre scartha amach ó shaol na ndéithe agus na laochra i rilífí Ara Pacis. Difríocht eile is ea an bealach a ndíríonn an t-ealaíontóir ar radharc tosaigh na bhfíoracha, é ag straidhneáil idir an tosach agus an phróifíl. Tá tionchar an dá ghné sin ag teacht ón oirthear. Níl an stíl sin le feiceáil i bpainéil nó i bhfríosanna Ara Pacis. Cuireann an leorspás os cionn cheann na bhfíoracha le hiarrachtaí an ealaíontóra peirspictíocht éigin a chruthú, tógann an easpa spáis os cionn cheann fhíoracha an Ara Pacis ón iarracht sin doimhneacht éigin a chur in iúl. Tá painéil Thítis caithréimiúil ach níl painéil an Ara Pacis.

**Dhá phointe fhorbartha.** **(20 marc)**

(iii) (a) Cath Iseas**(5)** ina raibh Alastar Mór **(5)** agus Rí Dáirias **(5)** na Peirse.

**(15 mharc)**

(b) Taispeántar na pearsantachtaí go soiléir sa seasamh a thógann siad agus sa chuma atá orthu. Tá Alastar, gan chlogad, agus a chuid gruaige ar nós gruaig an leoin ag scuabadh, ag tabhairt aghaidh ar an namhaid le faghairt agus diongbháilteacht go follasach ina shúile. Tá cuma bhreá ar a chóirsléad agus seasann ceann a chapaill amach ar an gceann is follasaí sa mhósáic. Tá a shleá ina lámh dheas aige agus cuireann sé poll i gceann de na naimhde leis agus é chomh haonarach ag tabhairt aghaidh ar a chuid naimhde. Ar an lámh eile, tá Dáirias, é ag caitheamh an turban ón oirthear agus eagla an domhain air, tá sé croite as a cholainn agus a lámh chlé caite amach go héidreorach aige; is léir go bhfuil sé ar tí iompú ar ais agus rith. Léirítear dráma an chatha trí na príomhcharachtair sin ach freisin sa mheascán mearaí de ghéaga, sleánna, capaill, sciatha agus fuipeanna a thaispeántar ar bhealach éifeachtach. Baintear úsáid an-mhaith as solas agus scáth chun cur leis an dráma. Tá lámha caite san aer, fir tite, capaill scanraithe, arm tréigthe agus tá anord agus coimhlint le brath a bheag nó a mhór. Fiú amháin uillinneacha aisteacha roinnt de na fíoracha (an capall ag rith uainn, mar shampla) cuireann siad go léir leis an gclampar agus leis an dráma atá le brath sa mhósáic.

**(b) Trí phointe fhorbartha. (9, 8, 8)** **(25 marc)**

(c) D'ullmhófaí é ag ceardlann an mhósáicíoch agus cuimsíodh ann na mílte de tesserae beaga bídeacha nó tíleanna déanta as cloch, gloine, potaireacht agus fiú amháin sliogáin. Socraíodh na tíleanna chomh gar dá chéile agus ab fhéidir de réir an phatrúin a bhí ag teastáil ar thráidire/painéal le ciumhais ardaithe a raibh an íomhá riachtanach eitseáilte anuas air i ngaineamh mín. Nuair a rinneadh é sin, tugadh chuig an láithreán beartaithe é agus leagadh é ar bhonn coincréite le moirtéal bog aoil ar a bharr. Ba mhinic leis an stuif sin ardú istigh idir na tesserae sactha. Glanadh an moirtéal a bhí fágtha agus cuireadh snas ansin ar an teasaláid. Ba mhinc go gcuirtí cóta céarach air. Bealach eile a bhí ann chun an chéad chéim den phróiseas a chur i gcrích ná tesserae aisiompaithe a ghliúáil anuas ar phíosa línéadaigh ar a raibh an íomhá a bhí de dhíth tarraingthe.

**Cuntas comhleanúnach ar an bpróiseas.** **(10 marc)**

(iv) (a) Ní mór d'iarrthóirí an téarmaíocht cheart a úsáid. Le feiceáil sa phictiúr tá an *scaenae frons* ilchasta le cúpla sraith d'áirsí galánta agus cuasáin le haghaidh na ndealbh. Tá sé sin ceangailte le ballaí an halla éisteachta ag airde iomlán trí chúlchodanna cliathánacha. Is dóigh go raibh scáthbhrat air mar dhídean don lucht féachana. Chun tosaigh ar an scaenae frons tá an t-oirceastra leathchiorclach a úsáid le haghaidh suíocháin bhreise. Ardaíonn na suíocháin shrathacha go géar ón oirceastra a bhí scartha de réir aicme. **Cur síos comhleanúnach. (9,8,8)** **(25 marc)**

(b) Cruthaíonn cruth an fhoirgnimh seo saol beag dá chuid féin, agus an lucht féachana agus na haisteoirí cumhdaithe ag na ballaí arda atá á gcosaint ón taobh amuigh. Sin i gcodarsnacht leis na gnáth-amharclanna sa Ghréig a raibh leagan amach i bhfad níos oscailte orthu. B'fhearr leis na Rómhánaigh a gcuid áiteanna cruinnithe poiblí a dhúnadh isteach le ballaí e.g. an fóram, an sorcas, an t-amfaitéatar.

**Dhá phointe ghearra. (8, 7)** **(15 mharc)**

(c) I measc na ndifríochtaí eile a d'fhéadfaí a áireamh: athrú ar chruth an oirceastra ó cheann ciorclach go dtí leathchiorclach; deireadh le húsáid an oirceastra do cheoltóirí, ach chun suíocháin a chur ar fáil don lucht féachana ina ionad sin, an stáitse i bhfad níos leithne agus níos doimhne (*scaena*).

**Dhá phointe (5,5)** **(10 marc)**

Aguisín 1. An Ardteistiméireacht: Léann Clasaiceach – Ardleibhéal
Critéir don mheasúnú ar fhreagraí ar cheisteanna dioscúrsacha domhanda 30 / 35 / 40 / 50 marc Ualú Marcanna

| | | | |
|---|---|---|---|
| Gabháil | Gabháil don cheist | e.g. Tuiscint ar an gceist, Béim/aghaidh a thabhairt ar an gceist, Aidhm shoiléir, Cáilíocht na smaointe, Ábharthacht an ábhair | 40% |
| Forbairt | A mhéid a fhorbraítear smaointe | e.g. Doimhneacht na cóireála, Anailís ar na smaointe, Rogha na dtagairtí, Úsáid an ábhair thacaíochta/léiriúcháin, Ionramháil an ábhair, Cruinneas | 40% |
| Meastóireacht Ghinearálta | Cáilíocht fhoriomlán an fhreagra | e.g. Leanúnachas an phlé, Struchtúr na hargóinte, Láidreacht na smaointe, Áititheacht fhoriomlán, Áititheach, Saothar cothaithe, Cuimsitheacht an fhreagra | 20% |

Marcanna atá le taispeáint ar an bpáipéar
G-
F-
MG-
Iomlán-

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán